

BROLLACH
CATHAOIRLIGH
agus
STIÚRTHÓRA

Ó seoladh an Straitéis le haghaidh Forbartha Eacnamaíochta, Sóisialta agus Cultúrtha 2002-2012 in Eanáir 2002, tá neart athruithe tagtha ar thimpeallacht oibríochta an Bhoird. Go háirithe, is éard a bhí i gceist leis an athbhreithniú a d'iarr an tAire Dick Roche, An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil ná cuairt as an nua a thabhairt ar an Straitéis le súil a fháil amach conas atá comhghníomhaíochtaí tagtha ar aghaidh agus forbairtí nua a áireamh dá réir mar an Straitéis Spásúla Náisiúnta agus Treoirínte Pleanála Réigiúnacha an Mheániarthair.

Chun na cúinsí athraitheacha seo a thaispeáint, theastaigh ó phróiseas an athbhreithnithe iniúchadh iomlán ar ghníomhaíochtaí críochnaithe, tosaíochtaí eile a athmhúnlú agus gá le rian an dul chun cinn ar fad a oibriú amach de réir téamaí. Agus an oiread sin gníomhaíochtaí sa Straitéis, comhaontaíodh go raibh gá le leagan níos gléasta den bhuncháipéis ó thaobh bainistíocht a dhéanamh uirthi. Le linn an athbhreithnithe thug an Bord éascaitheoir seachtrach isteach.

Agus iad foilsithe i mBealtaine 2004, cuireann Treoirínte Pleanála Réigiún an Mheániarthair béim ar an ngá chun Luimneach/Inis/Sionainn a fhorbairt mar chroílár láidir agus chun gréasán iompair phoiblí agus amanna turas a fheabhsú. Go mor mór, cuirtear béim ar an laghdú ar líon paisinéirí bus leis an ngá chun moltaí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm le haghaidh gréasán iompair den scoth i Luimneach. Tugtar faoi deara sa tuarascáil freisin go bhfuil táscairí díothachta (ioncam íseal, dífhostaíocht agus comhréir na cóiríochta poiblí ar cíos) ag an leibhéal is airde i Luimneach. Tá na míreanna seo curtha isteach ag an mBord sa doiciméad straitéise seo.

Bhain go leor de na dúshláin chun plean níos rialta a chur i dtoll a chéile le Cuma amscaí an doiciméid a bhí ann ar dtús agus san am céanna rinneadh iarracht chun tionscadail a shainiú le luach breise agus nach ndearnadh a leithéid in áiteanna eile go dtí seo. Le linn an tréimhse seo sheol an Bord Limerick: Profile of a Changing City, anailís shoch-spásúil ar an gcathair, d'ullmhaigh sé tuarascáil faoi Tháscairí Inmharthanachta agus chuir sé críoch le suirbhé ar fud na cathrach faoi dhéanaithe agus iarrthóirí tearmainn i gcomhar leis an Áisíneacht um Ghlacadh agus Comhtháthú ag an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí. Reáchtáladh sraith de cheithre seimineáir freisin faoi a bheith ag Déanamh Luimnigh ina Chathair níos Folláine in áiteanna éagsúla ar fud na cathrach.

I Meitheamh 2004, cuireadh in iúl d'áisíneachtaí ar comhaltaí den Bhord iad nárbh fholáir athbhreithniú a dhéanamh ar an Straitéis agus iarradh ar na háisíneachtaí ar baill iad iniúchadh córasach a dhéanamh ar gach uile cheann de na 469 de ghníomhaíochtaí a bhí sa bhuncháipéis. I Meán Fómhair 2004, d'eagraigh an Bord cruinniú

cónaitheach amach ó láthair a raibh mar aidhm leis athbhreithniú a dhéanamh ar an Straitéis. Iarradh ar na h-áisíneachtaí cinn roimh an gcruinniú gníomhaíochtaí faoi láthair agus gníomhaíochtaí críochnaithe a chinntiú agus athrú roinnt gníomhaíochtaí a dheimhniú a bhí mar bhunús leis an meon comhoibrithe atá ag an mBord maidir le Treoirphrionsabail. Gabhadh athbhreithniú ar mhíreanna gan réiteach fós agus ar dhul chun cinn tríd is tríd go dtí seo de lámh freisin. Tar éis mionainilíse, d'iarr litir ar chomhpháirtithe an bhoird ar fad a gcuid pleananna oibre faoi láthair a chur isteach maraon le haon chuspóirí nua a chuireadh le hobair an Bhoird, ach gnáthchúrsaí oibríochta a chur san áireamh freisin. Reáchtáladh cruinnithe aonair le comhaltaí an bhoird chun a fhíordheimhniú go raibh siad sásta leis an eolas leasaithe chun dáta a bhí sa cháipéis nua. Dearbhaíodh ainmniúchán na n-áisíneachtaí cinn agus na n-áisíneachtaí comhpháirtíochta araon a bheith bailí ag an am seo chomh maith.

Is ionann Fís na Coitiantachta sa Straitéis leis na hocht téamaí dá réir cé gur athraíodh mórán an chuid is mó de na gníomhaíochtaí ar fad de bheagán. Chomh maith leis seo, tabharfar isteach an íomhá ó thaobh eagraíochta a bhaineann le gach áisíneacht ar an mBord isteach sa straitéis leasaithe taobh istigh de thrí bliana. Ar an mbealach seo, déantar comhcheangal díreach idir an sainordú ó thaobh feidhmeanna a bhaineann le gach áisíneacht ionadaithe leis an *bhFógairt do Chathair Luimnigh* de réir mar a comhaontaíodh sa bhuncháipéis. Tá roinnt tosaíochtaí curtha in áiríte agus cé nár tugadh aon ghealltanais chun iad a chur i gcrích, tá na tograí seo leathan go leor ó thaobh scóipe chun leas an mhóraithe de gheallsealbhóirí a chothú, ar a laghad. Roinnfear na tosaíochtaí seo idir áisíneachtaí agus grúpaí oibre de réir téama a chuirfear ar bun de réir mar is gá.

Agus caoi curtha ar an bhformáid, is í an cheist atá ann faoi láthair ná an bhfuil an Bord níos feistithe chun an réimse na gcuspóirí a chuirtear i láthair sa doiciméad straitéise seo a thabhairt ar aghaidh. Ar chaoi ar bith, tá breis feasachta i measc comhaltaí an bhoird ar ról agus feidhmeanna a chéile agus is bunús láidir le haghaidh comhoibrithe breise an gaol a d'éirigh idir na háisíneachtaí comhpháirtíochta ó cuireadh córas BFC i bhfeidhm. Tugtar breis aitheantais don tábhacht a bhaineann le bheith ag obair as lámha a chéile sa mhéid is go ndearnadh tagairt faoi leith d'obair an Bhoird i bpleananna geallsealbhóirí eile lena n-áirítear Plean Corparáideach Chomhairle Chathrach Luimnigh le haghaidh 2005-2009.

In Eanáir 2005, sheol an tAire Dick Roche foilsiú Limerick: Profile of a Changing City agus is amhlaidh a luíonn an foilseachán seo isteach leis an athbhreithniú seo againn, ag cur leis an Straitéis chun cúinsí Chathair Luimnigh agus iad ag athrú a léiriú.



Méara Diarmuid Scully

Cathaoirleach
Bord Forbartha Chathair Luimnigh



Pat Dowling

Stiúrthóir Seirbhíse
Pobal agus Fiontar

RÉAMHRÁ

Is é Cathair Luimnigh agus a cuid bruachbhailte an t-ionad uirbeach is mó agus is bríomhaire i réigiún an Mheániarthair. Mar an t-ionad is tábhachtaí i dtaca le riarachán, fostaíocht agus seirbhísí, tá ról lárnach ag an gCathair chun infheistíocht a mhealladh go dtí an réigiún. Mar seo tá gá aitheanta le bheith ag cinntiú go múnlaítear forbairt na Cathrach ar inmharthanacht an réigiúin ar fad, go háirithe pobail thuaithe agus sráidbhailte chomh maith le hionaid uirbeacha atá ann faoi láthair mar ais Luimnigh/Sionainne/Inse.

I dtimpeallacht chomh dinimiciúil seo, tá ról géibheannach ag Bord Forbartha Chathair Luimnigh mar seo a leanas:

- Ag forbairt Straitéise ar mhaithe le forbairt eacnamaíochta, shóisialta agus chultúrtha agus ag déanamh maoirseachta ar a cur i bhfeidhm
- Ag tabhairt na dreamanna is tábhachtaí ag leibhéal áitiúil le chéile i struchtúr foirmeálta
- Ag cur soláthar comhtháite de sheirbhísí chun cinn trí dhearcadh beartais chomhordaithe
- Ag bunú agus ag cur chun cinn naisc i dturasóireacht, oideachas agus sa gheilleagar
- Ag tabhairt cead cainte níos mó don phobal chun seirbhísí áitiúla a chur ar fáil agus an fheidhm is fearr a bhaint astu.

Bunaíodh Boird Fhorbartha na gCathracha/Contaetha faoi Chuid 13, Alt 129 d'Acht Rialtais Áitiúil, 2001, a dhéanann foráil ar bhonn reachtúil maidir le leagan amach agus feidhmeanna na mBord Forbartha Cathracha agus Contaetha agus chun straitéis chomhtháite i dtaca le forbairt eacnamaíochta, shóisialta agus chultúrtha a ullmhú. De réir Acht Rialtais Áitiúil, 2001, áirítear le feidhmeanna na mBord Forbartha :

- Ag glacadh céimeanna, chun a chur ar a gcumas do gach ceann de na comhlachtaí agus leasghrúpaí, a dtéann a gcuid feidhmeanna i bhfeidhm ar fhorbairt eacnamaíochta, shóisialta nó chultúrtha na Cathrach/an Chontae agus na daoine ann foráil a dhéanamh chun an fheidhm is fearr a bhaint as a leithéid d'fhorbairt, mar dhaoine aonair agus le chéile;
- Ag ullmhú agus ag cur i bhfeidhm na bhforálacha a bhaineann le straitéis i dtaca le forbairt eacnamaíochta, shóisialta agus chultúrtha na Cathrach/an Chontae agus an phobail;
- Ag féachaint le cinntiú go mbíonn beartais agus oibríochtaí na gcomhlachtaí agus na leasghrúpaí a bhfuil ionadaíocht déanta thar a gceann ar an mBord agus dreamanna nach iad ar aon dul leis an straitéis tríd agus tríd; agus
- Ag cothú agus ag cur chun cinn tionscnamh go leanúnach a chuireann comhordú idir earnálacha ar aghaidh.

Féachann gach Bord Forbartha lena dhaonlathas féin a neartú chun sochaí uirbeach atá níos cothroim agus níos daonlathaí a bhaint amach ina spreagtar rannpháirtíocht na sochaí sibhialta. Ar an mbealach seo beidh rochtain níos fearr ag saoránaigh ar fhaisnéis ó réimse foinsí agus beidh ar a gcumas dóibh smacht agus tionchar níos fearr a imirt ar chinnte ó thaobh beartais a théann i bhfeidhm go díreach ar a saol. Aithníonn an Bord an tábhacht a bhaineann le bheith ag leasú Caipitil Shóisialta i Luimneach mar mhír thar a bheith tábhachtach chun caighdeán na beatha a fheabhsú.

Tá rialtas áitiúil níos comhoibríthe á chur i bhfeidhm faoi láthair, córas a bhfuil mar chomharthaí sóirt aige daonra atá éagsúil go sóisialta agus ó thaobh cultúir ag obair as lámha a chéile le hionadaithe tofa agus ionadaithe ó gach earnáil den chomhpháirtíocht shóisialta. Ó cuireadh ar bun iad, tá na Boird Fhorbartha bogtha ar aghaidh ón mbéim a cuireadh roimhe seo ar chomhtháthú agus comhordú ar bheartas poiblí a bhfuil mar aidhm aige seachadadh éifeachtach de sheirbhísí poiblí, ag spreagadh dearcadh nua atá níos iomlánaí ar rialú áitiúil. Áirítear leis an admháil a thugtar don dearcadh seo sainaitheint luacha comónta le béim ar réiteach a fháil ar fhadhbanna trí dhíospóireacht lena chuid saoránach. Cé gur ar cheisteanna áitiúla a chuirtear béim sa Straitéis, táthar ag coinneáil súile i gcónaí ar an nasc nach féidir briseadh idir gníomhaíocht áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta.

Brollach agus Réamhrá Cathaoirligh agus Stiúrthóra

8 Sraitheanna	1 Straitéis Chomhtháite le haghaidh Forbartha Eacnamaíochta, Sóisialta agus Cultúrtha Chathair Luimnigh	4
	2 Luimneach: Cathair na Físe	5
	3 Luimneach: Cathair ag Athrú	6
	4 Ár mBunchuspóir agus ár dTreoirphrionsabail	9
	5 Áisíneachtaí Comhpháirtíochta	11
	6 Fógairt Chathair Luimnigh	12
	7 Éachtanna ag Bord Forbartha Chathair Luimnigh 2001-2005	13
	8 Moltaí faoi Ghníomhaíochtaí Tosaíochta 2006 go 2008	16

Spriocanna	1 Cuirfear seirbhísí iompair atá inmharthana agus de chaighdeán ard ar fáil isteach agus amach go Cathair Luimnigh	22
	2 Déanfaidh Luimneach iarracht a bheith ina Chathair níos tarraingtí go fisiceach	25
	3 Déanfaidh Luimneach iarracht a bheith ina Chathair inmharthana ó thaobh an chomhshaoil de	28
	4 A Chinntiú go gcuirfear seirbhísí inrochtana den scoth le fáil sa Chathair	31
	5 Tabharfar cóiríocht chuí do gach uile chónaitheoir de chuid Luimnigh	34
	6 Beidh Luimneach níos sábháilte mar ionad oibre agus cónaithe do chách	36
	7 Beidh Luimneach ina Chathair Fholláin	38
	8 Oibreoidh na háisíneachtaí ar fad as lámha a chéile chun comhionannas agus cuimsitheacht shóisialta a chur chun cinn agus chun bochtaineacht a laghdú go mór	41
	9 Déanfar iarracht chun eisiámh sóisialta a laghdú trí oideachas	44
	10 Beidh fáil ag gach cónaitheoir i gCathair Luimnigh ar réimse deiseanna fostaíochta agus traenála den scoth	47
	11 beidh Daoine Óga páirteach go gníomhach i saol na Cathrach	49
	12 Aithneofar Luimneach mar Chathair Cultúir agus Spóirt	51
	13 Beidh Cathair Luimnigh ina Cathair Léinn	57
	14 Chomh maith le earnáil fiontair bhríomhar beidh Cathair Luimnigh mar mhol fostaíochta, seirbhísí agus miondíolacháin Dhorchla an Iarthair	60
	15 Beidh Cathair Luimnigh mar mhol infheistíochta, teicneolaíochta, ilmheán agus deartha Dhorchla an Iarthair	65
	16 Beidh Cathair Luimnigh ina Cheann Scríbe Turasóireachta tábhachtach	68



4

Ár mBunchuspóir agus ár dTreoirphrionsabail

9



3

Luimneach: Cathair ag Athrú

6



2

Luimneach: Cathair na Físe

5



1

Straitéis Chomhtháite le haghaidh Forbartha Eacnamaíochta,
Sóisialta agus Cultúrtha Chathair Luimnigh

4

5

Aisíneachtaí Comhpháirtíochta

11

6

Fógairt Chathair Luimnigh

12

7

Éachtanna ag Bord Forbartha Chathair
Luimnigh 2001-2005

13

8

Moltai faoi Ghníomhaíochtaí Tosaíochta 2006 go 2008

16

1 Straitéis Chomhtháite d'Fhorbairt Eacnamaíochta, Shóisialta agus Chultúrtha Chathair Luimnigh

straitéis le haghaidh forbartha eacnamaíochta, sóisialta agus cultúrtha

De réir an Chiorclán um Rialtas Áitiúil LG 2/ 05, a thug treoirínite maidir leis an athbhreithniú ar straitéisí an Bhoird Fhorbartha, cuirtear Straitéis comhtháite nuachóirithe d'Fhorbairt Eacnamaíochta, Shóisialta agus Chultúrtha Chathair Luimnigh i láthair. Mar seo féachann próiseas an athbhreithnithe le líon teoranta de thosaíochta agus gníomhaíochta tábhachtacha a leagan amach a ndíreoidh an Bord Forbartha orthu sa trí bhliain atá romhainn, chomh maith le bheith ag sainaithint forbairtí móra ag leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta a tharla ó cuireadh an Straitéis i dtoll a chéile. Chomh maith leis seo, shainaithin an Straitéis a bhfuil déanta go dtí seo i dtaca le cur i bhfeidhm na Straitéise chomh maith le hiniúchadh ar na próisis agus na meicníochtaí a mbaintear feidhm as ar mhaithe le cur i bhfeidhm agus monatóireacht araon.

Chun deiseanna sóisialta, eacnamaíochta agus cultúrtha a fheabhsú agus chun cur go mór le folláin agus caighdeán beatha na ndaoine ar fad sa Chathair ó 2005-2008, leagann an t-athbhreithniú amach an comhthéacs iomlán atá ann faoi láthair do Chathair Luimnigh agus ar féidir a bhaint amach dar leis an mBord Forbartha i gcomhar lena chuid eagraíochtaí féin. Ní hionann an t-athbhreithniú seo agus sraith de phleananna casta, rud a bhfuil na heagraíochtaí iad féin freagrach as. Rud eile, ní sheasann an straitéis leasaithe amuigh ar charraig sceirde ach ullmháidh i gcomhar len ár gcuid eagraíochtaí é agus nochtann sé na tosaíochtaí ó thaobh beartais áta ag comhaltaí an Bhoird agus na tosaíochtaí straitéiseacha a bhaineann le hábhar atá ag geallsealbhóirí mór le rá sa Chathair.

Athbhreithniú ar an Straitéis

Bhí neart comhairliúcháin i gceist chun athbhreithniú a dhéanamh ar an Straitéis le gach eagraíocht comhpháirtíochta agus comhalta de Bhord Forbartha Chathair Luimnigh. Tháinig mar thoradh ar an bpróiseas cur i gcrích cuspóirí, athchóiriú ar roinnt atá gan réiteach fós (mar a fheicfead in Aguisín II) agus athchatagóiriú ar chuspóirí áirithe mar threoirphrionsabail. Rinne an t-athchatagóiriú seo tagairt do na cuspóirí úd atá ag croí gníomhaíochtaí Bord Forbartha Chathair Luimnigh agus mar bhunús lena chuid gníomhaíochtaí dá réir ach ar féidir a gcuid gníomhaíochtaí agus táscairí a mheas a bheith críochnaithe nó i léig de réir athruithe.

De réir na dtreoirínite a leagtar amach sa Chiorclán um Rialtas Áitiúil LG 2/ 05 a scaip an tAire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil déanann an straitéis nuachóirithe na rudaí seo a leanas:

- Sainaithníonn sí roinnt tosaíochtaí agus gníomhaíochtaí tábhachtacha a ndíreoidh an Bord Forbartha orthu sa trí bhliain atá romhainn,
- Díríonn ar gníomhaíochtaí comhtháthaithe a bhfuil d'aidhm leo dearcadh níos curtha le chéile maidir le seachadadh seirbhísí áitiúla leis na háisíneachtaí a bhaineann le hábhar i gceist, agus
- Cuireann sé clár soiléir chun obair a chur i bhfeidhm ó 2006-2008.

Coinníonn an Straitéis uirthi a bheith ina ráiteas prionsabal solúbtha agus in ann athbhreithniú agus athnuachan a dhéanamh orthu a dhéanfaidh freastal ar mhian réimse eagraíochtaí a bhfuil ionadaíocht ar an mBord acu agus a threoróidh iad i dtreo físe roinnte don Chathair san am le teacht.

Monatóireacht agus Measúnacht

Tá rún daingean ag an mBord monatóireacht a dhéanamh ar thabhairt chun cinn na Straitéise seo go dtí 2012 agus aithníonn sé gur gá measúnacht chórasach a dhéanamh ar rian na Straitéise maidir le forbairt eacnamaíochta, shóisialta agus chultúrtha sa chathair. Dá réir sin, leanfar de bheith ag déanamh forbartha ar an toilleadh ó thaobh eagraíochta a bhaineann leis an mBord.

Bainfead feidhm as córas bainistíochta bogearraí chun rian a choinneáil ar gníomhaíocht a bhaineann le gníomhaí agus táscairí sonracha a shonraítear sa Straitéis. Chomh maith leis seo, cuirfidh an córas stór faisnéise ar fáil lenár féidir leis an mBord ar fad measúnacht bunaithe ar fhianaise a dhéanamh ar dhul chun cinn agus an bhfuil gnéithe den Straitéis cuí i gcónaí nó an gá iad a athrú. Ceann de na gnéithe is tábhachtaí a bhaineann le socrú spriocanna is ea sannadh na freagrachta as baint amach na spriocanna seo d'eagraíochtaí ar comhaltaí den Bhord iad agus a dhéanann foráil do bheartas náisiúnta agus comhoiriúnacht de sheachadadh áitiúil.



Tá claochlú tagtha ar Chathair Luimnigh chun a bheith mar an t-ionad bríomhar lán fiontair a fheiceann muid romhainn inniu agus mar éacht ar féidir le gach duine a bheith bródúil as. Mar sin féin, níl claochlú na Cathrach críochnaithe go hiomlán fós - admhaíonn muid nach mór dúinn aghaidh a thabhairt ar roinnt dúshlán móra don am le teacht. Dá bharr sin tá claochlú agus athchóiriú ar siúl i gCathair Luimnigh faoi láthair ach ní tharlaíonn seo díreach leis féin. Cuireann Bord Forbartha na Cathrach deis thar barr d'eagraíochtaí agus do mhuintir na Cathrach ar fad teacht le chéile le teann comhoibrithe agus comhaontaithe chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin agus an bealach atá romhainn a leagan amach. Is féidir ár gceann scríbe i ndeireadh báire a chur in iúl san fhís seo a leanas:

Fís do Chathair Luimnigh:


Cathair dhinimiciúil, chuimsitheach, tharraingteach ar an Sionainn, Cathair lán de deiseanna, urraim agus bród leis an gcaighdeán beatha agus timpeallacht is fearr dár bpobal féin

Chun an fhís seo a chur i gcrích, déanfaidh Luimneach na rudaí seo a leanas:

- bheith ina Cathair Chomhionannais
- bheith ina Cathair Léinn
- bheith ina Cathair Chultúrtha
- bheith ina háit shábháilte chun cónaithe, oibrithe agus foghlama inti
- bheith ina háit áilleachta
- pobal comhtháite a bheith inti
- sochaí inrochtana, bríomhar agus cuimsitheach a bheith inti
- caighdeán ard beatha a bheith inti
- bheith ina cathair stairiúil ag dul ar aghaidh agus
- thar cách, a bheith mar phobal cois Sionna, áit deiseanna, eachtraíochta, measa agus bróid.

Tá claochlú mór ag dul ar aghaidh ar an mbealach ina n-eagraítear Cathracha le forbairt áitiúil agus leasú ar rialtas áitiúil araon i gcroílár an athraithe sin. I gcomhthéacs réigiúnach, cuireann an Bord deis ar fáil dearcadh ileagraíochta a ghlacadh maidir le forbairt spásúil don Chathair; ag socrú sraithe de chuspóirí agus táscairí dúshlánacha a chuideoidh linn chun Cathair don am le teacht a bhaint amach. Tá gá anois leis an todhchaí a mhúnlú agus tionchar a imirt air, go mór mór i gcomhthéacs na gcomhchruinnithe nach beag de mhíbhuntáiste sóisialta agus eacnamaíochta inár gCathair. Cuireann an straitéis athchóirithe an bealach ar fáil chun athmheasúnú a dhéanamh ar mheon na n-eagraíochtaí ó thaobh cultúir de, a mhúnlóidh dearcadh níos comhtháite ar rialú áitiúil.

Luimneach: radharc ar chathair ag athrú



Author: Mr Des McCafferty,
Mary Immaculate College, Limerick

Cathair don 21ú aois?

Is iomaí athrú atá tagtha ar Luimneach le deich mbliain anuas, ó thaobh eacnamaíochta, go sóisialta agus maidir le leagan amach fisiceach na cathrach. Tá borradh tagtha faoi mar phríomhchathair Réigiún an Mheániarthair trí mar a d'eirigh léi chun seirbhísí agus déantúsaíocht a mhealladh don áit agus trí fhorbairt leanúnach ar chúrsaí miondíolacháin. Forbraíodh lár na cathrach go mór agus tar éis na mblianta de mheath ina lár, tá fás ag teacht faoin daonra arís. Cuireann an líon d'allúraigh sa chathair cuma níos idirnáisiúnta ar an gcathair. Chomh maith le roinnt tionscadal móra ó thaobh bonneagair agus an chomhshaoil, cuireann an t-athchóiriú ar an leagan tógtha go mór le leibhéal na bhfóntas sa chathair. Geallann an tionscadal mór cois Abhann a bhfuil mar aidhm leis an ceantar faoin abhainn agus taobh na canálach ó na duganna go dtí an ollscoil in Plassey a athchóiriú, go maith don am le teacht.

San am céanna tá údar imní ann faoi inmhathánacht forbairtí a rinneadh le déanaí. maidir leis an ngeilleagar, áirítear lena bhfuil ag dó na geirbe leibhéal ábhairín íseal de tháirgiúlacht i ndéantúsaíocht agus an brath mór ar fhostaíocht thionsclaíoch ó líon beag de chomhlachtaí móra iasachta. Maidir le cúrsaí sóisialta, cé go bhfuil difhostaíocht laghdaithe ag fás eacnamaíoch le gairid, mar a bhí i réim sna 1970a agus na 1980a, tá deighilt mhór ann fós idir grúpaí sóisialta agus a gcumas feidhm a bhaint as deiseanna fiúntacha fostaíochta. Chomh maith leis seo, tá an deighilt seo mar chuid dhomhain de thíreolas na cathrach.

Ag eascairt as anailís ar an gcuidreamh seachtrach agus inmheánach atá ag an gcathair, sainithníodh roinnt ceisteanna mór le rá nach mór aire a thabhairt dóibh sa mheántéarma. Imíonn cuid de na ceisteanna seo i bhfeidhm ar gach uile cheann de réimse shóisialta; tá roinnt eile níos tábhachtaí do chineálacha éagsúla. mar sin féin, tá ceangal dlúth idir na ceisteanna, agus chun dul chun cinn a dhéanamh, ní mór na ceangail seo a chur in áireamh. Chuige seo arís, ní mór dearcadh straitéiseach comhtháite a ghlacadh i dtaca le forbairt.

Ról Réigiúnach agus Náisiúnta na Cathrach san Am le Teach

Tugann an beartas forbartha spásúil mar atá i bhfeidhm faoi láthair agus mar a leagtar amach sa Straitéis Spásúil Náisiúnta, ról thar a bheith tábhachtach d'ionaid mheánacha uirbeacha in Éirinn, lena n-áirítear Luimneach. Chun go gcomhlíonaidh an chathair an ról seo ní mór di a bunús tionsclaíoch a fhorbairt agus a éagsúlú as cuimse. Ní mór an brath mór ar chomhlachtaí iasachta in earnáil na déantúsaíochta a laghdú trí fhorbairt seirbhísí trádála idirnáisiúnta agus déantúsaíochta dúchais. Chun go dtarlóidh seo, caithfidh an chathair an

leibhéal agus an réimse d'fhactóirí taraingeacha do gnó a fheabhsú. Ceann de na factóirí is tábhachtaí do chomhlachtaí déantúsaíochta agus seirbhísí an lae is ea an mhéid saothair oilte atá le fáil. Chun an fheidhm is mó a bhaint as lucht saothair na cathrach agus as an margadh le haghaidh seirbhísí, caithfear rochtain isteach don chthair agus amach aisti a fheabhsú. Go dtí seo, cuireadh an bhéim ba mhó sa réimse seo ar fhorbairt na mbóithre ach éilíonn faoi fhorbairt atá inmharthana agus cuimsitheach go sóisialta go gcuirtear breis béime ar iompar poiblí. Faoi láthair, níl an córas iompair poiblí sa cheantar atá clúdaithe faoin gcóras uirbeach laethúil (an réimse cuartaíochta áitiúil ag comaitéirí, lucht siopadóireachta, earraí agus seirbhísí) forbartha ach go suarach agus tá infheistíocht ag teastáil. Braitheann bailíocht iompair poiblí ar dhlús agus ar mhéid an nucleation a bhaineann leis an áitriú agus mar sin beidh pleanáil na forbartha cónaithe amach anseo thar a bheith tábhachtach.

Rialú na Cathrach

Ceann de na fadhbanna is mó ag baint le húsáid talún cuimsitheach agus pleanáil iompair i réigiún na cathrach is ea go bhfuil Cathair Luimnigh fo-theoranta go mór, le duine as gach triúr sa cheantar uirbeach in aice láimhe ina chónaí taobh amuigh de theorainn na Cathrach. Fiú má leanann athshlánú daonra air i lár na cathrach, is é is dóichí go leanfaidh cothromaíocht an daonra uirthi ag claonadh i dtreo na mbruachbhailte sna blianta romhainn, ós rud é gur ann a bhfuil fáil ar an gcuid is mó de thalamh chónaitheach. Is é an toradh air seo ná go mbíonn rialú an cheantair uirbigh scapithe le trí údarás éagsúla freagrach as seirbhísí poiblí agus pleanáil. Is léir an chontúirt go mbeadh meascán idir cuspóirí na trí údarás seo, rud a d'imreodh drochthionchar ar an gcathair. Sa chomhtéacs seo, cuireadh an-fháilte ar thabhairt isteach na Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha i gcomhar le Straitéis Eacnamaíochta Réigiúnach ach tá sé thar a bheith tábhachtach go n-aithneofar na fadhbanna sonracha a bhaineann leis an gceantar uirbeach sna treoirlínte pleanála. Má chliseann orainn cead a thabhairt chun an teorainn a leathnú go mór, beidh gá le breis comhordaithe idir úsáid talún agus pleanáil iompair sa cheantar uirbeach agus struchtúr níos foirmiúla a bheith air sin freisin, b'fhéidir. Ní mór a aithint chomh maith, agus cúrsaí pleanála fisiciúla asa an áireamh, gur imir fo-theoranú na Cathrach drochiompar sóisialta le blianta móra anuas freisin.

Ag Cothú Bríomhaireacht Daonra agus Pobal Cónaitheacha Cothromacha

Tá claoclú tagtha ar lár na cathrach de bharr athnuachan uirbigh le deich mbliain anuas agus cé gur éirigh go maith linn maidir le forbairt maoine agus díothú foirgneamh tréigthe, tá údar inní ann maidir le gnéithe daonra agus sóisialta den athnuachan. Cé gur tharla athshlánú ar an daonra, baineann an chuid is mó de na cónaitheoirí nua le grúpaí daoine fásta óga, agus an chuid is mó acu siúd mar líon tí ina bhfuil duine aonair gan chlann. Agus seo amhlaidh, chomh maith le neamhoiriúint riar maith de na tithe le haghaidh cóiríochta teaghlaigh, is é is dóichí go mbeidh gluaiseacht éigin den daonra amach ó lár na cathrach sna blianta romhainn. Sa chomhtéacs seo, tá sé inmhiannaithe go nglacfar bearta ag am pleanála chun a chinntiú go gcuirfidh forbairtí cónaitheacha sa cheantar seo sa todhcháí próifíl daonra agus sóisialta níos cothromaí.



Des McCafferty, Mary Immaculate College, Mayor Cllr. Michael Hourigan, Minister Dick Roche, Dept. of Environment Heritage and Local Government Cllr. Diarmuid Scully

Luimneach: radharc ar chathair ag athrú¹

straitéis le haghaidh forbartha eacnamaíochta, sóisialta agus cultúir

Baineann imní freisin le treochta daonra in áiteanna sa Chathair atá taobh amuigh den lár. Tá fianaise shoiléir ann anois faoi dhaonra ag dul in aois i roinnt de na bruachbhailte laistigh, a fheictear mar rátaí ísle maireachtála, gan ach beagán teaghlach ag aois scoile nó réamhscoile agus comhréir ard de theaghlach ina bhfuil an chlann féin imithe leo. Go dtí seo, tá an chomhréir den daonra atá os cionn 65 bliain d'aois íseal i gcónaí ach méadóidh seo go mór sa 10 go 20 bliain amach romhainn. I dtaca le forbairt pobail agus chun stad a chur le hísliú ar an leagan amach tógtha, tá sé inmhianaithe go dtagann próifíl daonra níos cothromaí chun solais sna réimsí seo freisin. De bharr an daonra a bheith ag dul in aois, tá laghdú tagtha ar uimhreacha in a lán áiteanna sa Chathair ach i gcuid de na ceantair tithíochta de chuid na n-údarás áitiúla, bíonn laghdú níos mó i gceist ná mar is féidir a mhíniú de bharr na haoise amháin. Seachas seo, dealraíonn gur leibhéil ardaithe d'as-imirce is cúis leis agus tugann seo féin le fios go bhfuil leibhéal ard de chrá sóisialta sna háiteanna a bhaineann le hábhar. In a lán de na háiteanna seo, cuireann as-imirce na daoine meánaoiseacha agus daoine níos sine tionchar bréagach sa mhéid is go gcuirtear stad le gnáthaibíocht phróifíl an aoisithe.

Ag Cur Catha ar Eisiamh Sóisialta

Tá leibhéal comhiomlán na dífhostaíochta i Luimneach laghdaithe ag fás eacnamaíoch ach tá sí ann go háitiúil fós, go mór mór in eastáit de chuid na n-údarás áitiúla. San am céanna, níl aon amhras ach go bhfuil an chuma atá ar eisiamh sóisialta athraithe go mór. Ní bhaineann sé a thuilleadh díreach le daoine dífhostaithe, agus fadhbanna nua agus grúpaí 'faoi riosca' tagtha chun solais, lena n-áirítear teaghlach aon-tuismitheora, dídeanaithe agus iarrthóirí tearmainn, daoine le míchumas agus seandaoine, go mór mór iad siúd atá ina gcónaí ina n-aonar. Beidh an grúpa deireanach seo go mór chun tosaigh san am le teacht agus an daonra ag leanúint air ag dul in aois. Is léir go bhfuil gá le bearta níos fearr chun catha chur ar eisiamh sóisialta sna réimsí atá i gceist faoi láthair chomh maith le bearta nua chun déileála leis na grúpaí úd a d'fhéadadh a bheith níos scaipthe ar fud na cathrach.

Agus gan an fás mór eacnamaíochta le blianta beaga anuas a chur san áireamh, tá an leibhéal de dheighilt shoch-eacnamaíoch sa chathair fós ard. Ní haon rud ar leith do Luimneach an deighilt seo; a mhalairt, aithnítear í i gcathracha an domhain mar thoradh d'fhás eacnamaíochta agus breis domhandúcháin. Is éard atá suntasach faoi Luimneach n'a an méid dá leagtar amach deighilt de réir tíreolais. Is cathair thar a bheith deighilte í Luimneach ina mbíonn stíleanna maireachtála éagsúla ag pobail in áiteanna éagsúla. Tá laghdú ar an deighilt seo inmhianaithe. ní hamháin maidir le Cothrom na Féinne sóisialta; cuireann an fhadhb bac mór ar chumas na cathrach a hacmhainneacht iomlán a bhaint amach agus mar sin ba cheart go mbeadh sé ina dhíol imní do gach a bhfuil baint acu le forbairt na cathrach. Ní bheidh a lán de na forbairtí bíogúla nua a tharla le blianta beaga anuas ach suarach i ndeireadh na dála mura mbeidh Luimneach in ann dul ar aghaidh i dtreo a bheith ina cathair ina bhfuil breis comhionannais deiseanna.



¹ Mc Cafferty, Des (2005)
"Limerick: Profile of a Changing City"
prepared for
Limerick City Development Board, 5-7


Ár mBunchuspóir:

Le teann comhpháirtíochta agus na bprionsabal a bhaineann le hinbhuanaitheacht déanfaidh muid ár ndícheall chun beatha gach eanála dár bpobal a leasú le cur chun cinn forbartha eacnamaíochta, sóisialta agus cultúrtha atá cothromach agus inbhuanaithe.

Chun a chinntiú go dtugtar aghaidh i gceart ar gach ceist a bhaineann le forbairt Chathair Luimnigh, sainaitníodh ocht téamaí comónta, chun an fhís do Chathair Luimnigh a aistriú mar mhionchlár oibre (féach Aguisín II) déanta suas de chuspóirí, gníomhaíochtaí agus táscairí.

Ár mBunchuspóir agus ár gcuid Treoírphrionsa bail

Téamaí Straitéiseacha



Chomh maith leis seo ullmhaíodh an straitéis seo de réir an ráitis mhisin seo a leanas agus na treoirphrionsabail atá ag Bord Forbartha na Cathrach.

Cuirfear an misean i gcrích ag cloí leis na treoirphrionsabail seo a leanas a thugann isteach na treoirphrionsabail a bhí sa Straitéis Eacnamaíochta, Shóisialta agus Chultúrtha do Chathair Luimnigh 2002-2012, chomh maith leis na cuspóirí, gníomhaíochtaí agus táscairí a measadh nárbh fhéidir iad a chur i ngníomh le linn phróiseas an athbheithnithe.

Mar sin tabharfar an misean atá ag Bord Forbartha Chathair Luimnigh ar aghaidh má chloíonn na comhaltaí leis na treoirphrionsabail a tugadh isteach ón muncháipéis agus atá mar bhunús le gníomhaíochtaí agus meon Bhord Forbartha Chathair Luimnigh:

- Ag aithint an sainiúlacht agus an luacha aeistéitiúla a bhaineann leis an gCathair.
 - Úsáid na Gaeilge a chothú trí chomharthaí, scríofa agus labhartha agus an chultúir a ghabhann léi i saol laethúil na Cathrach.
 - Aithint agus luacháil spóirt a mhéadú mar chuid lárnach de shaol cultúrtha Luimnigh.
- Ag tuiscint riachtanas éagsúla chomhaltaí an Bhoird.
- Ag aithint na riachtanais acu siúd atá eisiata go sóisialta agus aghaidh a thabhairt go gníomhach ar na húdair a bhaineann le heisiámh sóisialta.
 - Tacú le daoine/ teaghlaigh soghonta a bhfuil cónaí orthu sa Chathair.
 - Straitéisí cruthaitheacha ó thaobh oideachais a fhorbairt mar chuid lárnach de bhearta eile a bhaineann le beartas sóisialta chun aghaidh a thabhairt ar neamhionannas.
- A bheith trédhearcach agus freagrach.
 - Ár ndícheall a dhéanamh chun a chinntiú go mbíonn an Bord agus na háisíneachtaí a bhaineann leis oscailte agus trédhearcach i bpleanáil agus seachadadh seirbhísí socheacnamaíochta don phobal.
 - Rialú áitiúil atá éifeachtach agus áisiúil do cheantar uirbeach Luimnigh ar fad a chur chun cinn.
- Ag féachaint le cinntiú go mbaintear an ionadaíocht agus an rannpháirtíocht is mó as grúpaí sa Chathair.
 - Cuidiú chun an pobal a thabhairt isteach i gcúrsaí cinnteoireachta.
 - Cuidiú chun earnáil an ghnó a thabhairt isteach i gcúrsaí cinnteoireachta.
 - Cuidiú chun saoránaigh áitiúla a thabhairt isteach i bpróiseas na pleanála le haghaidh ceantar áitiúla.
- Meas ar a chéile a chothú i measc grúpaí, eagraíochtaí agus áisíneachtaí rannpháirtíochta.
 - Breis comhoibrithe a chur chun cinn le Boird Fhorbartha Cathracha/Contaetha, údaráis áitiúla agus áisíneachtaí poiblí ar ghort an bhaile, ag cinntiú go mbíonn forbairt ar chaighdeán ard ar fud an réigiúin.
- Ag feidhmiú de réir comhaontaithe.
 - Ag taispeáint tuisceana ar riachtanais shonracha na Cathrach ó thaobh na sláinte agus an chomhshaoil.
 - Sláinte phoiblí a chosaint agus a leasú trí chur chun cinn comhshaoil atá folláin.
 - Úsáid fuinnimh i Luimneach a chur chun cinn agus tionchar a imirt air chun a bheith ar aon chéim le scothchleachtas idirnáisiúnta le haghaidh ionad uirbeacha, ag cinntiú san am céanna go dtugtar tosaíocht do na riachtanais chun úsáid fuinnimh a íoslághdú agus chun foinsí nua a shainiú.

- Dearcadh comhtháite atá bunaithe ar obair foirne a ghlacadh maidir le tabhairt isteach na straitéise.
 - Dearcadh comhoibriúil a chothú mar bhunús le comhordú níos fearr ar sheachadadh seirbhísí poiblí.
- A bheith sásta foghlaim ó thaithí san am a caitheadh, idir dhearfach agus dhiúltach, ag cur béime san am céanna ar smaointeoireacht nuálach ó thaobh straitéise de san am le teacht.
 - Tacú leis an ról lárnach atá ag Aerfort Idirnáisiúnta na Sionainne mar gheata trasnáisiúnta.

Tá na treoirphrionsabail seo mar bhunús láidir le hoibríochta na Straitéise Eacnamaíochta, Sóisialta agus Cultúrtha do Chathair Luimnigh 2005-2008. Mar sin, oibreoidh Bord Forbartha Chathair Luimnigh i dtreo straitéise cuimsithí a bhfuil mar aidhm léi cur le hacmhainn na Cathrach chun aghaidh a thabhairt ar athruithe eacnamaíochta, sóisialta agus cultúrtha sa Chathair. Chomh maith leis seo, oibreoidh an Bord chun comhionannas deise a chruthú sa Chathair, ag cur comhionannas deise chun cinn le haghaidh daoine le míchumas chun go mbeidh siad in ann páirt a ghlacadh i ngach uile ghné de shaol na Cathrach. Chomh maith leis seo, oibreoidh an Bord i dtreo Cathrach a bhfuil misneach aiste féin aice; a spreagann ríomhrialtas chun seirbhísí níos fearr a chur ar fáil; a thacaíonn le cur chun cinn agus forbairt Lár na Cathrach, ag pléadail ar son modhanna iompair agus seirbhísí inbhuanaithe den scoth go dtí, ó agus i Luimneach. Ní thiocfaidh na mianta seo i bhfeidhm ach trí chomhoibriú lena gcuid comhaltaí, a mbainfear leas as a gcuid misean agus feidhmeanna chun an Chathair a fhorbairt tuilleadh.

Tá Bord Forbartha Chathair Luimnigh déanta suas d'ionadaithe ó cheithre earnáil faoi leith lena n-áirítear

- Rialtas Áitiúil
- Forbairt Áitiúil
- Áisíneachtaí Stáit
- Comhpháirtithe Sóisialta.

Tá na hearnálacha seo ar fad ag obair as lámha a chéile chun a chinntiú go mbíonn breis éifeachtúlachta agus críochnúlachta ann maidir le forbairt na Cathrach san am le teacht.



Eagraíochtaí comhpháirtíochta



Fógairt do chathair Luimnigh

straitéis le haghaidh forbairtha eacnamaíochta, sóisialta agus cultúrtha



Agus athbheithniú á dhéanamh ar an Straitéis le haghaidh Forbartha Eacnamaíochta, Sóisialta agus Cultúrtha do Chathair Luimnigh 2002-2012 agus ar na feidhmeanna, cuspóirí agus gníomhaíochtaí a ghabhann léi, rinneadh cinneadh go dtabharfaidh gach ceann de na heagraíochtaí comhpháirtíochta tuairisc bhliantúil i láthair an Bhoird. Déanfaidh an tuairisc seo cur síos ar dhul chun cinn na gcuspóirí agus na bhfeidhmeanna a bhfuil siad freagrach astu.

Chomh maith leis seo, glacfaidh gach comhpháirtí ceannais freagracht as eagraíochtaí a bhaineann le hábhar nach eagraíochtaí de chuid an Bhoird iad a thabhairt isteach. Chomh maith leis seo féin, eagróidh gach comhpháirtí ceannais cruinniú gach ráithe chun na cuspóirí agus na feidhmeanna a bhfuil siad freagrach astu a thabhairt ar aghaidh. Tá a lán den obair a ghabhar de lámh ag na comhaltaí de Bhord Forbartha Chathair Luimnigh déanta suas d'fheidhmeanna reachtúla nó ainmnithe a dhéanann na heagraíochtaí comhpháirtíochta mar chuid dá n-imeachtaí laethúla.

Chomh maith leis seo, glacfaidh gach comhpháirtí ceannais freagracht as a bheith ag tabhairt isteach eagraíochtaí nach comhaltaí den Bhord iad nuair is gá.

Admhaíonn an Straitéis le haghaidh Forbartha Eacnamaíochta, Sóisialta agus Cultúrtha do Chathair Luimnigh an cuidiú sainiúil a thugann gach eagraíocht comhpháirtíochta le forbairt Chathair Luimnigh san am le teacht.

I gcomhar lena chuid comhaltaí, tá a lán de na tascanna a leagadh amach sa phlean straitéiseach a bhí ann i dtús bainte amach ag Bord Forbartha Chathair Luimnigh, agus cuirfear tuilleadh i gcrích agus an cháipéis seo á cur i bhfeidhm. Beifear in ann na torthaí a chur isteach in aon rud a thagann i gcomharbas ar an bPlean Forbartha Náisiúnta atá ann faoi láthair. Tugtar rogha de chuid na héachtaí a rinneadh ó 2001 go 2005 anseo thíos:

- Bhunaigh sé BFC Luimnigh agus d'ullmhaigh Straitéis de réir amchlár an Rialtais.
- Bhunaigh Fóram Pobail agus Deonach.
- Threoraigh, d'athneartaigh, chuir chun cinn agus thug treorú maidir le gníomhaíochtaí Comhairle Cathrach Luimnigh ag leibhéal an pobail.
- Chuir sé tús le próiseas cur i bhfeidhm straitéiseach agus pleananna gníomhaíochta bliantúla.
- D'ullmhaigh sé anailís shocheacnamaíoch áitiúil.
- Leasaigh sé go mór an acmhainneacht taighde atá ag Comhairle Chathrach Luimnigh.
- Ag cothú comhoibrithe idir earnálacha, go mór mór earnálacha rialtais áitiúil agus forbartha áitiúla.
- Chuir sé an tacú áitiúil le pleananna forbartha áitiúla agus pobail i bhfeidhm, ag eascairt as Comhthionscadal Airí ón Aire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil, an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.
- Bhunaigh sé Coiste Comhordaithe um Bearta Cuimsitheachta Sóisialta ar dearcadh comhordaithe é ar chuimsitheacht shóisialta agus d'ullmhaigh sé pleananna spriocanna comhtháite.
- D'éirigh leis clár RAPID a chur ar fáil.
- Ghlac sé páirt agus d'imir sé tionchar ar bheartais/tionscadail náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla mar leathanbhanda, treoirlínte pleanála réigiúnacha, straitéis miondíolacháin.
- D'imir sé tionchar ar an bpróiseas a bhaineann le pleanáil chorparáideach sna húdarais áitiúla.
- D'fheabhsaigh sé an nasc le pleanáil chun tosaigh i gComhairle Chathrach Luimnigh agus áisíneachtaí nach í mar oideachas, sláinte agus iompar chun seachadadh seirbhísí comhtháite a fheabhsú.
- D'fhorbair sé dea-chleachtas maidir le comhtháthú seirbhísí áitiúla as pleananna comhtháite maidir leis an lucht siúil, easpa dídine, imirt agus cuimsitheacht shóisialta a fhorbairt.
- D'fhorbair sé an ról maidir le forbairt pobail atá ag Comhairle Chathrach Luimnigh.
- D'fhorbair sé nasc idir Comhairle Chathrach Luimnigh agus Ranna Rialtais taobh amuigh den Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil mar an Roinn Oideachais, an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus an Roinn Cumarsáide agus Iompair.
- Chuir sé aighneacht fhoirmiúil isteach do Phleananna Corparáideacha Chomhairle Cathrach Luimnigh 2001-2004 agus 2004-2009.
- Chuir sé críoch le Tuarascáil faoi Dhídeanaithe/ Iarrthóirí Tearmainn i gcomhar leis an Áisíneacht um Ghlacadh agus Comhtháthú sa Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.
- Bunaíodh Comhpháirtíocht Spóirt Áitiúil Chathair Luimnigh faoi choimirce an Bhoird mar chuideachta faoi theorainn ráthaíochta i 2002.
- Próifíl sochaspásúil de Chathair Luimnigh curtha le chéile agus seolta ag an Aire Dick Roche i 2005.

- Tá an clár áitiúil de chuid Chomhairle na nÓg faoi bhainistíocht an Bhoird ó 2002 i leith.
- Coiste Cúraim Leanaí curtha le chéile agus foilsíodh a straitéis i 2001.
- Plean cuimsitheach a bhfuil mar aidhm leis struchtúir áitiúla agus struchtúir phobail a fheabhsú curtha faoi bhráid na Roinne Comhshaoil, Sláinte agus Rialtais Áitiúil i 2004.
- Tá córas bainistíochta bogearraí chun monatóireacht a dhéanamh ar cháipéis straitéise BFC i bhfeidhm ó 2003 i leith.
- Straitéis le haghaidh Luimnigh mar 'Chathair Léinn' Ann forbartha agus béim curtha uirthi mar shamhail de dhea-chleachtas.
- Tionscadal píolótach forbartha chun feasacht a ardú faoin acmhainneacht atá ag an gCathair a bheith ina Cathair Fholláin.
- Treoir Luimnigh foilsithe i gcomhar le hlontaobhas Sibhialta Luimnigh agus duaiseanna bainte amach aice.
- Láithreán gréasáin tiomnaithe do BFC curtha i dtoll a chéile i 2003 agus le fáil ar líne.
- Neart aighneachtaí curtha ar fáil mar thacaíocht leis na Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha don Mheániarthair (Bealtaine 2004) agus Dréacht-Phlean Forbartha na Cathrach 2004.
- Iarratas ullmhaithe mar thacú le cás Luimnigh a bheith mar Chathair Chultúrtha na hEorpa.
- Coistí oibre agus struchtúir cur i bhfeidhm in alt ó 2002 i leith.



ˆMayor Cllr. Michael Hourigan, Cllr. Diarmuid Scully, Minister Dick Roche, Dept. of Environment Heritage and Local Government, Minister Willie O Dea Dept. of Defence, Minister Tim O Malley, Junior Minister Dept of Health and Children, Peter Power T.D



Moltaí le haghaidh
Gníomhaíochtaí
Tosaíochta
2006 go 2008



LEATHANACH 16:
CAIBIDIL 1



De réir Ciorclán LG2/ 05 de chuid na Roinne Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil, rinneadh iarratas chun gníomhaíochtaí tosaíochta a shainathint. Ag eascairt as na héachtaí atá curtha i gcrích ag Bord Forbartha Chathair Luimnigh go dtí seo agus ag breathnú ar aghaidh, sainathníodh na tosaíochtaí agus na gníomhaíochtaí tábhachtacha seo a leanas agus beidh siad mar bhunús le hoibríochtaí an Bhoird Forbartha don trí bhliain atá romhainn. Dírionn ar gníomhaíochtaí comhtháthaithe a bhfuil d'aidhm leo dearcadh níos curtha le chéile maidir le seachadadh seirbhísí áitiúla leis na háisíneachtaí a bhaineann le hábhar i gceist. Chomh maith leo seo, tá clár oibre cur i bhfeidhm atá cruinn agus soiléir le haghaidh 2006-2008.

Togra Táscairí Inbhuanaithe

Tá roinnt táscairí bunúsacha a bhaineann le hinbhuanaitheacht sainaitheanta ag an togra nua seo do chathair Luimnigh agus táscairí a bhfuil sonraí le fáil lena n-aghaidh don am i láthair agus don am a caitheadh, chun go mbíonn treochtaí le himeacht aimsire soiléir. Tugann táscairí isteach tréithe sóisialta mar fhostaíocht, tréithe eacnamaíochta mar rátaí iníochta agus tréithe timpeallachta mar bhainistíocht dramhaíola agus caighdeán uisce Abhainn na Sionna. D'imir comhaltaí Bhord Forbartha Chathair Luimnigh ról gníomhach chun na táscairí cuí a roghnú, i gcomhpháirtíocht le hOllscoil Luimnigh. Táthar ag cuardach le haghaidh sonraí eile faoi láthair chun cur leis an bhfeidhm a bhaintear as na táscairí seo.

I dtaca le gach táscaire, fuarthas modh oibre lenar féidir na sonraí a bhaineann le hábhar a lorg arís, chun gur féidir treochtaí táscairí a nuashonrú ó thráth go chéile, agus gur féidir dul chun cinn chathair Luimnigh i dtreo inbhuanaitheachta a thomhas. Beidh seo áisiúil chun folláin shocheacnamaíoch agus comhshaoil na cathrach a fhorbairt agus caighdeán na beatha dá cuid saoránach a leasú dá réir.

Foilseoidh an Bord tuarascáil a mhíneoidh brí na dtáscairí agus an mhéid a chuireann siad in iúl dúinn faoi fhorbairt na cathrach. Tá breis taighde ar siúl faoi láthair, lonnaithe in Ollscoil Luimnigh, a bhfuil d'aidhm leis ná a fháil amach an bhfuil breis tuairimí ag muintir Luimnigh faoi tháscairí eile agus tá iarracht á déanamh chun an oiread duine agus is féidir a thabhairt isteach.


Straitéisí Áitiúla in Aghaidh na Bochtaineachta (SAAB)

Is éard is aidhm leis an Straitéis Náisiúnta in Aghaidh na Bochtaineachta ná an bhochtaineacht in Éirinn a laghdú agus, go hídéalach, deireadh a chur léi. Leagann sí amach spriocanna a bhaineann le beartas fostaíochta, oideachais, sláinte agus tithíochta agus dírionn sí ar ghrúpaí atá soghonta go mór. Tá Bord Forbartha Chathair Luimnigh ina chuid lárnach den phróiseas seo agus tá gealltanais i Straitéis Chomhtháite an Bhoird Straitéis Áitiúil in Aghaidh na Bochtaineachta (SAAB) a fhorbairt do Chathair Luimnigh. Tá an Straitéis seo á forbairt de réir pasanna, agus meastar an próiseas atá ann faoi láthair a bheith mar "phas léiriúcháin". Tá mar aidhm leis an bpróiseas seo réimse clár agus spriocanna atá praiticiúil agus indéanta a fhorbairt as a dtiocfaidh ní hamháin fíis nó aidhm fhadtéarmach agus léirithe intinne ach freisin bearta soiléire ar féidir iad a thomhas sa ghearrtéarma agus sa mheántéarma.

Dírionn an pas léiriúcháin go príomha ar cheithre áisíneachtaí reachtúla agus trí phobal a fhorbróidh agus a chuirfidh i bhfeidhm ceithre cláir le chéile:

1. "Clár Nasc Fostaíochta"
2. Clár chun pobail inbhuanaithe agus slána a chruthú
3. "Clár Pobal Folláine"
4. Clár chun dea-chleachtas a shainathint agus a roinnt chun dul i ngleic le míbhuntáiste ó thaobh oideachais.

Moltaí le haghaidh Gníomhaíochtaí Tosaíochta 2006 go 2008





Luimnmeach - Cathair Cois Abhann

Is éard atá i dTogra na Cathrach Cois Abhainn ná togra mór comhpháirtíochta ina bhfuil Forbairt na Sionna, Comhairle Chathrach Luimnigh, Comhairle Chontae Luimnigh agus Comhairle Chontae an Chláir, Cuideachta Calafóirt Sionna-Faingne, Ollscoil Luimnigh, Uiscebhealaí Éireann agus forais nach iad. Cuireann an fhís líne forbartha nua ar bun ag réachtáil ón gceantar ina bhfuil an droichead nua thar abhainn faoi bhun Chathair Luimnigh go dtí na Dugaí, na Céanna agus lár na Cathrach, Oileán an Rí agus ag síneadh go dtí Ollscoil Luimnigh, bealach Chanáil na Páirce.

Síneann leithead na físe seo go dtí deireadh an chéad cheathrú san aois seo. Sa deich mbliain atá romhainn féin, infheisteofar suas go €1 billiún ag na hearnálacha poiblí agus príobháideacha araon agus cruthófar breis agus 5,000 post nua. Osclóidh Togra na Cathrach Cois Abhann an doras le haghaidh deiseanna agus tograí nua a mbeidh athfhóras i gceist leo i roinnt áiteanna agus forbairt láithreán úrnua in áiteanna eile. Is é an t-athfhóras agus an fhorbairt ar Chanáil na Páirce a bheidh mar spuaic don tionscadal seo ar fad.

Cuirfear béim mhór ar fhorbairt bonneagair agus concláistí i dTogra na Cathrach Cois Abhann. Áireofar le bonneagar bóithre nua, trasnain abhann, seirbhísí iarnróid agus saoráidí eile cois abhann. Tabharfaidh togra 'Fibre Ring' Luimnigh seirbhísí nua cumarsáide leathanbhanda do háiteanna móra gnó agus cinnteofar go mbíonn naisc atá neodrach ó thaobh iompróra le fáil. Forbrófar saoráidí taitneamhachta éagsúla. Tá siúláin nua cois abhann agus ar bhruach na canála lena n-áirítear siúláin lúibe nua curtha in áirithe le haghaidh forbartha.

Cathair Léinn

Is éard is Cathair Léinn ann ná ceann a thugann aghaidh ar riachtanais foghlamtha na háite trí chomhpháirtíocht. Féachann an togra seo leis an fheidhm is mó a bhaint as neart na ngaolta sóisialta agus institiúideacha atá ann faoi láthair chun athruithe móra a thabhairt ar an ndearcadh ar fhoghlaim i Luimneach. Bainfidh sé feidhm as foghlaim mar mheán chun comhtháthú sóisialta, athfhóras agus forbairt eacnamaíochta a chur chun cinn agus tabharfaidh sé isteach gach eanáil den phobal.

Tá dhá údar thábhachta atá spleách ar a chéile chun Luimneach a bhunú mar Chathair Léinn; uimhir a haon, chun tacú le athfhóras sóisialta agus eacnamaíochta ag cur chun cinn feasachta faoi mar atá Luimneach ag athrú agus mar is féidir leis na gnéithe éagsúla de shaol na cathrach feidhmiú le chéile níos éifeachtaí chun cruth a chur ar an am le teacht; agus uimhir a dó, chun tacú le Foghlaim Fadshaoil i Luimneach, ag spreagadh daoine faoi leith, grúpaí, fostaitheoirí agus forais chun a dhul i ngleic le foghlaim ina saol.

Clár Ceannais Shibhialtacha

Forbróidh agus eagróidh Bord Forbartha Chathair Luimnigh i gcomhar le hlontaobhas Sibhialta Luimnigh cúrsaí oiliúna ceannais dírithe ar rogha de dhaoine fásta óga as pobail imeallaithe i gCathair Luimnigh a bhfuil cumas ceannais léirithe acu. Is éard is aidhm leis an gclár nua seo ná oiliúint i scileanna ceannais a chur ar fáil, freagracht shóisialta, féin-spleáchas agus rún maidir le seirbhísí poiblí a fhorbairt agus a neartú. Ag baint feidhme as roinnt samhlacha róil, féachann an clár le tuiscint níos fearr ar cheannas agus na dúshláin a bhaineann le ceisteanna ceannais ag leibhéal áitiúil i gcúrsaí polaitiúla, eacnamaíochta agus sóisialta a chur chun cinn.

Próifil Socheacnamaíoch agus Anailís Spásúil ar Chathair Luimnigh

Mar chuid den taighde a gabhadh de lámh chun ullmhú Straitéise Forbartha Eacnamaíochta, Sóisialta agus Cultúrtha Bhord Forbartha Chathair Luimnigh a mhúnlú, cuireadh Próifíl de Chathair Luimnigh i dtoll a chéile. Cé go bhfuil an phróifíl seo ar an anailís agus an léiriúchán is cuimsithí a gabhadh de lámh go dtí seo faoi thíreolaíocht inmheánach na cathrach, bhí roinnt teorainneacha ann ós rud é go rabhthas ag brath ar shonraí ón daonáireamh i 2002.



Déanfaidh agus scaipfidh an togra leagan nuashonraithe de Phróifíl Chathair Luimnigh 2005, ag baint feidhme as sonraí ó dhaonáireamh 2007 agus ag tabhairt isteach sonraí eile nuair is cuí. Dála an chinn a bhí ann roimhe seo, tabharfaidh an phróifíl nua Luimneach: Próifíl de Chathair ag Athrú forbheathnú ar an gCathair ina chomhthéacs réigiúnach agus náisiúnta isteach chomh maith le hanailís ar thíreolaíocht inmheánach na Cathrach agus a bhfuil timpeall uirthi. Chomh maith leis seo, sainnithneoidh agus pléifidh an próifíl treochtaí agus ceisteanna nua de réir mar a bhaineann siad leis an ról atá ag an gCathair mar Gheata sa Straitéis Spásúil Náisiúnta agus le forbairtí a bhíonn ar siúl sa Chathair.

Luimneach mar Chathair Chruthaitheach

Glacfaidh lonnú Baile na nEalaíon 2006 in Ollscoil Luimnigh, mar a dúirt Mícheál Ó Súilleabháin, cumadóir, a ceapadh mar chathaoirleach ar Chultúr Éireann le gairid 'ó Bhanríon Abhainn Sionna agus í sa tóir ar chollchnónna na heagna ag foinse na habhann'.

Bunaíodh iarratas Luimnigh chun a bheith ainmnithe mar Chathair Chultúrtha na hEorpa ar an 'nóiméad ciúin', cumar uiscí na Sionna i Luimneach, déanfaidh an Bord breithniú ar roghanna chun an léiriúchán intreach seo den chathair a fhorbairt tuilleadh agus breis cruthaitheachta sna healaíonta a spreagadh. Ós rud gur luadh easpa bonneagar mar an t-údar is mó nár éirigh leis an iarratas, is féidir an fheidhm a bhainfí as áiteanna a shainnithint chun breis feasachta a tharraingt faoi na céimeanna nua atá glactha chun Luimneach a dhéanamh ina cathair chruthaitheach.

Forbairt Leathanbhanda

Tá Forbairt na Sionna i gceannas ar an dearcadh comhpháirtíochta réigiúnach ar fhorbairt leathanbhanda, le bunú Shannon Broadband Ltd. Mar an chéad chuideachta teileachumarsáide réigiúnach in earnáil na seirbhísí poiblí in Éirinn tugann sé isteach Forbairt na Sionna, Comhairle Chathrach agus Comhairle Chontae Luimnigh, agus Comhairlí Contaetha an Chláir, Thiobraid Árann Thuaidh agus Uíbh Fhailí. Le sprioc na coitiantachta "saol nua na nasc teileachumarsáide a bhíonn le fáil i gcónaí a thabhairt do gach ceard de Réigiún na Sionna".

Bhunaigh Shannon Broadband Shannon Connect mar chlár tiomnaithe speisialta a dhíríonn ar aghaidh a thabhairt ar sheachadadh sa mhíle deireanach. Tá grúpa stiúrtha réigiúnach iomlán i bhfeidhm ag Shannon Connect chun cuidiú le pobail rochtain ar an nGrúpscéim Leathanbhanda. Tá críoch curtha anois le Líonra Achair Cathrach Luimnigh agus cuireadh ar fáil in am trátha agus de réir buiséid í. Cuireann an líonra saoráidí móra tionscail, Rialtais agus oideachais Chathair Luimnigh ar fad ar fáil. Is é an líonra iomlán ná 63cm, lena n-áirítear naisc anuas. Chomh maith leis seo tá pleananna in alt don chéad phas eile de 11 Líonraí réigiúnacha. Tá moltaí i bhfeidhm d'Aonach Urmhumhan, Cill Rois, an Caisleán Nua, Ros Cré, Biorra, Mainistir na Féile, an Teampall Mór agus Beannchar agus tá pleananna ar siúl do Shionnainn, Inis agus Durlas Éile.

Forbairt na nDugaí

D'fhéadadh na Dugaí a bheith ina gcuid de réimse mór forbartha agus faoi láthair tá siad ina láithreán 40 acra le Cuideachta Calafóirt Sionna-Faingne. Tá staidéar féidearthachta agus pleanála á dhéanamh faoi láthair ar réimse driopásach na nDugaí, rud a shocróidh na modhanna chun an fheidhm is fearr a bhaint as acmhainneacht an cheantair. Tá an anailís eacnamaíochta agus talún ag breathnú ar an gcineál d'fhorbairtí a d'fhéadadh teacht chun cineáil amach anseo agus tá tús curtha aice le céimeanna a chuirfidh dul chun cinn inbhraite ar fáil. Áirítear le forbairtí a d'fhéadadh teacht i gcrann Oidhreacht Mara agus Ionad nua le haghaidh Seirbhísí Náisiúnta. Tugann na Dugaí neart deiseanna nár baineadh leas astu fós. Beidh a bhforbairt leanúnach mar chomhlánú don Ché a forbraíodh in aice láimhe agus beidh sé mar shíneadh nádúrtha leis an bhforbairt atá ar siúl cheana féin sa cheantar cois abhann i gcoitinne.

Tá measúnú déanta ag Cuideachta Calafóirt Sionna-Faingne, Comhairle Chathrach Luimnigh agus Forbairt na Sionna ar an acmhainneacht a bhaineann le Dugaí



Chathair Luimnigh chun aon spás atá imithe as feidhm chun athfhorás a dhéanamh air. Léiríonn treochtaí a bhaineann leis an am le teacht go mbeidh fás i réimsí mar Ghnó go Gnó, Ionaid Seirbhísí Roinnte agus Taighde & Forbairt Bith-theicneolaíochta. Táthar ag breithniú orthu seo faoi láthair agus, nuair is cuí, cuirfear chun cinn mar fhorbairtí inbhuanaithe san am le teacht iad.

Suirbhé ar Dhaoine a bhfuil Stádas Dídeanaí agus Cead Fanachta i gCathair Luimnigh

Cé nach bhfuil ach líon beag de dhaoine ag iarraidh tearmainn in Éirinn tríd is tríd le hais na hEorpa ar fad, d'ardaigh siad ó ghar do náid go líon nach beag taobh istigh d'achar gearr. I 1992, d'iarr 39 duine ar tearmann in Éirinn. Faoi 2000, bhí an uimhir seo méadaithe go 10,938. I 2001 fuair an chéad iarrthóir tearmainn stádas dídeanaí i gCathair Luimnigh. Ó shin i leith, fuair thart ar 300 duine stádas dídeanaí nó cead fanachta. Is dócha go méadóidh an uimhir seo tar éis Márta 2005 ós rud é go mbeidh roinnt daoine le muirín a rugadh in Éirinn (a rugadh roimh 1 Eanáir, 2005) i dteideal cur isteach ar chónaí.

Agus é iarrtha ón Áisíneacht um Ghlacadh agus Comhtháthú sa Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí i gcomhpháirtíocht le Bord Forbartha Chathair Luimnigh, gabhfaidh an suirbhé staidéar cuimsitheach de láimh faoi dhaoine a fuair stádas dídeanaí nó cead fanachta i gCathair Luimnigh. Is é an togra taighde seo an chéad cheann dá leithéid in Éirinn agus díreoidh sé ar sholáthar seirbhísí sa cheithre réimse tábhachtacha arb iad oideachas, fostaíocht, sláinte agus tithíocht. Is é an príomhchuspóir a bhaineann leis an gcéad suirbhé ná peirspictíocht a fhoilsiú faoi sholáthar seirbhísí ó chliaint faoi na seirbhísí seo (sa chás seo, daoine le stádas dídeanaí nó cead fanachta) agus na soláthraithe seirbhísí iad féin (sa chás seo, soláthraithe seirbhísí a dhéantar ionadaíocht thar a gceann ar Bhord Forbartha Chathair Luimnigh).

Luimneach a Dhéanamh ina Chathair Níos Folláine

Léiríonn togra na gCathracha Folláine i Réigiún na hEorpa an luach a bhaineann le dearcadh iomlánaíoch in aghaidh na dúshlán móra os coinne na sláinte. Is meicníocht éifeachtach a bhfuil ráchairt mhór air chun beartais agus cláir atá bunaithe ar shláinte do chách ag an leibhéal áitiúil a chur chun cinn trí phróiseas ina bhfuil gealltanais shonracha pholaitiúla, athruithe institiúideacha agus comhpháirtíochtaí idir earnálacha, gníomhaíochtaí nuálacha a thugann aghaidh ar gach gné de shláinte agus coinníollacha maireachtála agus líonrú nach beag idir cathracha na hEorpa agus níos faide ar shiúl i gceist. Tá Grúpa Oibre na Cathrach Folláine de chuid Bhord Forbartha Chathair Luimnigh ag obair chun freastal ar riachtanais chun ballraíocht de Líonra na gCathracha Folláine a thabhairt amach.

Mar chuid den obair seo chun cur le feasacht i measc sainghrúpaí a théann i bhfeidhm ar shláinte an daonra, beidh sraith seimineár ar siúl chun breithniú a dhéanamh ar an acmhainneacht atá ann chun Luimneach a dhéanamh ina cathair níos folláine. Déanfaidh gach seimineár iniúchadh faoi ghnéithe sainiúla de choincheap na Cathracha Folláine de réir na hEagraíochta Dhomhanda Sláinte, na buntáistí a bhaineann le Caipiteal Sóisialta i gcomharsanachtaí agus sláinte mhuintir Luimnigh a chur le hais sláinte daoine i gcathracha eile.

Eolaire Ar Líne de Sheirbhísí Cuimsitheachta Sóisialta


Foilseoidh agus cothóidh Grúpa Oibre CS Bhord Forbartha Chathair Luimnigh eolaire ar cheart dó a bheith ar fáil dóibh siúd ar fad ar spéis leo cuimsitheacht shóisialta (an pobal féin san áireamh) trí Láithreán Gréasáin Bhord Forbartha na Cathrach.

Tabharfaidh prótacal an deis do ghrúpaí nó d'áisíneachtaí eolas a bhaineann leo féin a nuashonrú agus freisin do ghrúpaí nó áisíneachtaí nach bhfuil a gcuid sonraí cláraithe faoi láthair an t-eolas cuí a chur isteach len é a chur ar an mbunachar sonraí. Is éard is aidhm leis an iarratas clár a chothú de na heagraíochtaí ar fad a bhfuil baint acu le cuimsitheacht shóisialta i gCathair Luimnigh.

Beidh úsáideoirí in ann eagraíochtaí a aimsiú, bunaithe ar an gcineál seirbhíse a chuireann siad ar fáil agus na grúpaí a ndíríonn siad orthu.



riosp



béim ar an ngá chun Luimneach/Inis/Sionainn a fhorbairt mar caroilár láidir agus chun gréasáin iompair phoiblí agus amanna turas a fheabhsú. Go mor mór, cuirtear béim ar an laghdú ar líon paisinéirí bus leis an ngá chun moltaí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm le haghaidh gréasáin iompair den scoth i Luimneach.

Spríoc 1

Cuirfear seirbhísí iompair inbhuanaithe den chéad scoth ar fáil go dtí agus ó Chathair Luimnigh

1.1

Cuspóir

Iníúchadh a dhéanamh faoi sholáthar iompair poiblí uirbhí (lena n-áirítear iarnróid), go dtí, ó, agus i gCathair Luimnigh

Eagraíocht Fhreagrach
Comhairle Cathrach Luimnigh

Amchlár
2012

Gníomhaíochtaí

- Críoch a chur le glacadh leis an Straitéis um Úsáid Talún Pleanála agus Iompair don Chathair.
- Staidéar a ghabháil de lámh chun measúnacht a dhéanamh an féidir an t-iarnród atá ag dul timpeall Luimnigh faoi láthair a athchóiriú, chun feidhm a bhaint as mar chóras iarnróid éadroim.

Táscairí

- Cur i bhfeidhm moladh na Straitéise.
- Línte iarnróid atá ann faoi láthair a chaomnú agus a leasú.

Eagraíocht Comhpháirtíochta

- Forbairt Sionainn
- Cumann Lucht Tráchtála Luimnigh
- Iarnród Éireann
- Údarás Áitiúla an Mheániarthair
- Bord Forbartha Chathair Luimnigh

1.2

Cuspóir

Breis eolais a chur ar fáil faoi sheirbhísí iompair poiblí sa Chathair

Eagraíocht Fhreagrach
Comhairle Cathrach Luimnigh

Amchlár
2010

Gníomhaíochtaí

- Scaipeadh níos fearr d'eolas faoi iompar poiblí a éascú.
- Foilsíú de mapa mion de sheirbhísí bus sa Chathair.

Táscairí

- Breis eolais faoi Sheirbhís Iompair le fáil don phobal.

Partner Organisations

- Cumann Lucht Tráchtála Luimnigh
- Comhairle Chontae Luimnigh
- Oibreoirí Feithiclí na Seirbhíse Poiblí*
- Iarnród Éireann*
- Bus Éireann*

1.3

Cuspóir

Cathair atá neamhdhíobhálach do choisithe a fhorbairt

Eagraíocht Fhreagrach
Comhairle Cathrach Luimnigh

Amchlár
2012

Gníomhaíochtaí

- An straitéis maidir le choisithe a chur i bhfeidhm.
- Straitéis chun seachadadh tráchtála a dhéanamh ar fud na Cathrach a fhorbairt.

Táscairí

- Cosáin fheabhsaithe.
- Breis crosairí choisithe (solais thráchtála agus trasrianta síogacha).
- Breis bearta ceansaithe tráchtála.
- Forghníomhú páirceála.
- Breis tosaíochta do choisithe.

Eagraíocht Comhpháirtíochta

- Cumann Lucht Tráchtála Luimnigh
- An Garda Síochána
- Oifig Chomhordú Lár na Cathrach*
- Cumann Gnó Chathair Luimnigh*

* Eagraíocht comhpháirtí neamhbhoid

Spríoc 1

Cuirfear seirbhísí iompair inbhuanaithe den chéad scoth ar fáil go dtí agus ó Chathair Luimnigh

1.4

Cuspóir

Cathair atá neamhdhíobhálach do rothuithe a fhorbairt

Eagraíocht Fhreagrach

Comhairle Cathrach Luimnigh

Amchlár

2007

Gníomhaíochtaí

- Bearta a shainaitheint agus a chur i bhfeidhm chun rothaíocht sa chathair a spreagadh.
- Líonra de raonta rothar tiomnaithe agus crosairí rothar a fhorbairt ar fud na Cathrach.
- Saoráidí slána chun rothair a stóráil a chur ar fáil ar fud na Cathrach.
- Fostaitheoirí a spreagadh chun saoráidí cithfholcadáin agus seomraí feistithe a fhorbairt.

Táscairí

- Dhá bhealach ghlasa a chur ar fáil.
- An Straitéis maidir le Rothaíocht a chur i bhfeidhm.
- Cinntiú go mbíonn caighdeáin rothaíochta pleananna forbartha i ngach forbairt.

Eagraíocht Comhpháirtíochta

- Cumann Lucht Tráchtála
- Oifig Chomhordú Lár na Cathrach*
- An Roinn Oideachais agus Eolaíochta*
- Fóram na hÓige*

1.5

Cuspóir

Nasc iompair bunaithe ar an gcanáil a bhunú go dtí, ó agus i gCathair Luimnigh

Eagraíocht Fhreagrach

Comhairle Cathrach Duimnigh
Bord Forbartha Chathair Luimnigh

Amchlár

2012

Gníomhaíochtaí

- Staidéar a ghabháil de láimh faoi dheiseanna chun feidhm a bhaint as Abhainn na Sionna mar dhorchla iompair phoiblí a mheasúnú.
- Tionscnaimh phríobháideacha a bhaineann le hiompar abhann a fhorbairt trí sholáthar seirbhísí éifeachtacha ceadúnaithe.

Táscairí

- Cur le hiompar abhann príobháideach.
- Nasc turasóireachta abhann agus saoráidí cladaigh a fhorbairt.

Eagraíocht Comhpháirtíochta

- Cumann Lucht Tráchtála
- Uiscebhealaí Éireann*
- Ollscoil Luimnigh
- Comhairle Chontae Luimnigh
- Forbairt Sionainn

1.6

Cuspóir

Carr-pháirceáil ar an tsráid sa Chathair a chuíchóiriú

Eagraíocht Fhreagrach

Comhairle Cathrach Luimnigh

Amchlár

2007

Gníomhaíochtaí

- Beartais agus rialuithe nua ó thaobh páirceála a fhorbairt a mbeidh mar aidhm acu roinnt páirceála ón sráid a bhogadh, ag cinntiú go mbíonn riar go leor de pháirceáil ghearrthéarmach ann d'fheithiclí tráchtála agus seirbhíse, comaitéirí agus cónaitheoirí áitiúla.
- Mionstraitéis le haghaidh feithiclí tráchtála a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

Táscairí

- Athbhreithniú ar pháirceáil sa Chathair.
- Straitéis forbartha le haghaidh feithiclí tráchtála

Eagraíocht Comhpháirtíochta

- Cumann Lucht Tráchtála
- An Garda Síochána
- Bus Éireann*
- Cumann na dTacsaithe*
- Oibreoirí Feithiclí na Seirbhíse Poiblí*
- Cumann Gnó Chathair Luimnigh*

* Eagraíocht comhpháirtí neamhbhoird

Spríoc 1

Cuirfear seirbhísí iompair inbhuanaithe den chéad scoth ar fáil go dtí agus ó Chathair Luimnigh

1.7

Cuspóir

Cinntiú go pleanáiltear gach seirbhís agus fónas bóthair agus cosáin agus go ndearfar chun go mbeidh an oiread sábháilteachta, rochtana agus críochnúlachta do chách iad

Eagraíocht Fhreagrach

Comhairle Cathrach Luimnigh

Amchlár

2006

Gníomhaíochtaí

- Oibríocht leanúnach de Thionscnamh Iompair Luimnigh agus leasú ar Rialú Tráchtá Uirbhí Oiriúnaithí a chur ar fáil.
- Cinntiú go ndearfar eastáit thithíochta ar bhealach atá neamhdhíobhálach d'iompar poiblí.
- Plean bainistíochta ar sheirbhísí faoin sráid a fhorbairt.
- Athbheithniú ar sholáthar de shoilse poiblí a ghabháil de lámh.

Táscairí

- Caighdeán cosáin a fheabhsú.
- Feabhsú ar úsáid bóithre agus cosán.
- Críoch a chur leis an athbheithniú.

Eagraíocht Comhpháirtíochta

- Comhairle Chontae Luimnigh
- An Garda Síochána
- Cumann Lucht Tráchtála
- An Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil*
- tÚdarás Bóithre Náisiúnta *
- Soláthraithe Seirbhísí Reachtála*

* Eagraíocht comhpháirtí neamhbhoird

Spríoc 2

Déanfaidh Luimneach iarracht chun a bheith ina Chathair níos gleoite

2.1

Cuspóir

Forbairt de chathair níos gleoite a éascú

Eagraíocht Fhreagrach

Comhairle Cathrach Lluimnigh

Amchlár

2012

Gníomhaíochtaí

- Úinéirí maoinne agus gnó, cónaitheoirí agus sealbhóirí a spreagadh chun cuma na bhfoirgneamh agus na sráideanna sa Chathair a chothú agus a fheabhsú.
- Clár bliantúil de leasú poiblí a ghabháil de láimh.
- Bainfidh Comhairle Cathrach Luimnigh feidhm as a cuid cumhachtaí reachtúla de réir mar is cú chun creatlach sibhialta na cathrach a fheabhsú.

Táscairí

- Tuarascáil gníomhaíochta faoi láithreáin thréigthe a chur i dtoll a chéile.
- Críoch a chur le clár leasaithe poiblí.

Eagraíocht Comhpháirtíochta

- Forbairt Sionainn
- Comhpháirtíocht GDAD
- Cumann Lucht Tráchála
- Oifig Chomhordú Lár na Cathrach*

2.2

Cuspóir

Abhainn na Sionainne agus an cladach lena cois a leasú chun gur féidir leis an bpobal feidhm a bhaint astu

Eagraíocht Fhreagrach

Comhairle Cathrach Luimnigh

Amchlár

2010

Gníomhaíochtaí

- Cosáin feadh chladach na habhann a athfhorbairt.
- Abhainn na Sionna a fhorbairt mar 'dhromlach glas' tríd an gCathair.
- Plean straitéiseach a ullmhú chun caighdeán an uisce agus na dtaitneamhachtaí a bhaineann leis an Sionainn a úasghrádú.

Táscairí

- Feabhsuithe ar rochtain ar bhruach na habhann, cosáin agus taitneamhachtaí.
- Gabháil de láimh cur crann, uasghrádú ar thoscán sráide agus ar thaitneamhachtaí poiblí a mhéadú.
- Athbhreithniú bliantúil ar dhul chun cinn a ghabháil de láimh.

Eagraíocht Comhpháirtíochta

- Forbairt Sionainn
- Cumann Lucht Tráchála
- Gach Údarás Áitiúil Eile a Bhaineann le hAbhainn na Sionna*

2.3

Cuspóir

An soláthar de spás oscailte agus páirceanna poiblí sa Chathair a leasú.

Eagraíocht Fhreagrach

Comhairle Cathrach Luimnigh

Amchlár

2012

Gníomhaíochtaí

- Láithreáin a shainaithint ar cheart iad a fhorbairt mar pháirceanna.
- Cinntiú go mbíonn go leor de spás glas agus de saoráidí caithimh aimsire i bhforbairtí tithíochta.
- Plean Creatlaigh cuimsitheach maidir le Beartas Spóirt agus Caithimh Aimsire do Chathair Luimnigh a ghabháil de láimh.
- Beartais chuí a fhorbairt chun foráil a dhéanamh le haghaidh bainistíochta agus cothaithe saoráidí caithimh aimsire san am le teacht.

Táscairí

- Forbairt páirceanna sa Chathair agus spás glas agus saoráidí caithimh aimsire in eastáit thithíochta a chur ar fáil.
- Feabhsuithe ar sholáthar agus caighdeán saoráidí caithimh aimsire.
- Plean Creatlaigh maidir le Beartas Spóirt agus Caithimh Aimsire do Chathair Luimnigh glactha leis ag an gComhairle Chathrach.

Eagraíocht Comhpháirtíochta

- Comhpháirtíocht GDAD
- Oifig Chomhordú Lár na Cathrach*
- Cumann Lucht Tráchála

* Eagraíocht comhpháirtí neamhbhoird

Spríoc 2

Déanfaidh Luimneach iarracht chun a bheith ina Chathair níos gleoite

2.4

Cuspóir

Oibriú i dtreo cathrach níos glaine

Eagraíocht Fhreagrach
Comhairle Cathrach Luimnigh

Amchlár
2008

Gníomhaíochtaí

- Plean Bainistíochta Bruscair na Cathrach a chur i bhfeidhm.
- Roinnt feachtas a ghabháil de láimh ina nglacfaidh pobail áitiúil agus pobail ghnó páirt.

Táscairí

- Measúnacht bhliantúil ar Phlean Bainistíochta Bruscair na Cathrach a ghabháil de láimh.
- Iniúchadh neamhspleách ar Bhruscar/Bainistíocht bruscair le cur i gcrích.
- Athbhreithniú iomlán ar an bplean atá ann faoi láthair a chur i gcrích.

Eagraíocht Comhpháirtíochta

- Cumann Lucht Tráchála
- Forbairt Sionainn
- Oifig Chomhordú Lár na Cathrach*

2.5

Cuspóir

Lár Cathrach inaitheanta a forbairt le breis spásanna do choisithe agus réimsí poiblí bríomhara i gCathair Luimnigh

Eagraíocht Fhreagrach
Comhairle Cathrach Luimnigh

Amchlár
2007

Gníomhaíochtaí

- Cur i bhfeidhm an Phlean um Athfhorás Uirbeach.
- Cur i bhfeidhm plean athmhúnlaithé do Shráid Uí Chonaill.

Táscairí

- Athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn leis an bPlean um Athfhorás Uirbeach.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an bplean athmhúnlaithé.

Eagraíocht Comhpháirtíochta

- Cumann Lucht Tráchála

2.6

Cuspóir

Daoine a spreagadh cur fúthu i lár na Cathrach

Eagraíocht Fhreagrach
Comhairle Cathrach Luimnigh

Amchlár
2010

Gníomhaíochtaí

- Tionscnaimh a forbairt chun daoine a spreagadh chun cur fúthu sa Chathair.
- Tionscnaimh a forbairt le hoibreoírí próbháideacha chun carr-pháirceáil ón sráid a chur ar fáil do chónaitheoirí lár na cathrach.

Táscairí

- Measúnacht a dhéanamh ar thionscnaimh a bhaineann le maireachtáil i lár na Cathrach.

Eagraíocht Comhpháirtíochta

- Cumann Lucht Tráchála
- Oifig Chomhordú Lár na Cathrach*

* Eagraíocht comhpháirtí neamhbhoird

Spríoc 2

Déanfaidh Luimneach iarracht chun a bheith ina Chathair níos gleoite

2.7

Cuspóir

Cathair Luimnigh a fhorbairt agus a chur chun cinn mar Chathair Cois Abhann na hEorpa

Eagraíocht Fhreagrach

Forbairt Sionainn

Amchlár

2008

Gníomhaíochtaí

a. An fheidhm is mó a bhaint as a suíomh nádúrtha cois abhann do Chathair Luimnigh.

Táscairí

1. Forbairt leanúnach ar thionscnamh Thogra na Cathrach Cois Abhann.
2. Branda Cois abhann a chothú agus a fhorbairt le feidhm nua ó thaobh turasóireachta.
3. Pas cur i bhfeidhm 2005 de thogra athchóirithe Pháirc na Canála.
4. Siúláin nua cois abhann a thabhairt isteach.
5. Fís nua maidir le córas loingseoireachta Chathair Luimnigh a ullmhú agus a aontú.
6. Críoch a chur leis an gcéad phas de thionscnamh na nDugaí agus é a chur i bhfeidhm.

Eagraíocht Comhpháirtíochta

- Forbairt Sionainn
- Comhairle Cathrach Luimnigh
- Comhairle Chontae Luimnigh*
- Uiscebhealaí Éireann*
- SFPC*
- Earnálacha príobháideacha agus deonacha*

* Eagraíocht comhpháirtí neamhbhoird

Spríoc 3

Déanfaidh Luimneach iarracht chun a bheith ina Chathair níos inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil

3.1

Cuspóir

An fheasacht faoin gcomhshaoil ag cách sa Chathair a mhéadú

Eagraíocht Fhreagrach

Comhairle Cathrach Luimnigh

Amchlár

2012

Gníomhaíochtaí

- Tacú le feachtas feasachta comhshaoil.
- Beartais a fhorbairt chun rannpháirtíocht pobail i bhfeabhsuithe comhshaoil a spreagadh.
- Cláir bunaithe sna scoileanna agus sa phobal chun páirt a ghlacadh i bhforbairt agus bainistíocht réimsí glasa agus réimsí a mbaineann tábhacht leo ó thaobh an chomhshaoil sa Chathair.

Táscairí

- Athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an fheachtais maidir le feasacht faoin gcomhshaoil ar bhonn bliantúil.
- Forbrófar clár bainistíochta amháin bunaithe i scoil agus ceann eile bunaithe sa phobal faoi 2006.

Eagraíocht Comhpháirtíochta

- Oifig Chomhordú Lár na Cathrach*
- Cumann Lucht Tráchála
- Bord Forbartha Chathair Luimnigh
- An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (Rialtóir)*
- An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
- Fóram Pobail Chathair Luimnigh

3.2

Cuspóir

Clár rannpháirtíochta comhshaoil a dhearadh, a chur le chéile agus a réachtáil le haghaidh scoileanna agus an phobail i gCoitinne i gCathair Luimnigh

Eagraíocht Fhreagrach

Comhpháirtíocht GDAD

Amchlár

2006

Gníomhaíochtaí

- Cúrsaí creidiúnaithe agus neamhchreidiúnaithe faoi chúrsaí comhshaoil a dhearadh agus a sheachadadh.
- Cáipéisí eolais phoiblí a fhorbairt faoin bpróiseas a bhaineann le bainistíocht eastáit agus na ról atá ag na geallsealbhóirí éagsúla.
- Tionscnamh píolótach a chuireann saoránacht chun cinn a fhorbairt.

Táscairí

- Forbrófar agus cuirfear i bhfeidhm cúrsa creidiúnaithe nua agus cúrsa neamhchreidiúnaithe faoi chúrsaí comhshaoil faoi 2006.
- Ullmhófar cáipéisí eolais phoiblí agus déanfar athbhreithniú bliantúil orthu agus cuirfear eagrán nua i dtoll a chéile.
- Cuirfear tionscnamh píolótach i bhfeidhm faoi 2006 agus déanfar athbhreithniú bliantúil air.

Eagraíocht Comhpháirtíochta

- Earnáil Oideachais*
- Bord Forbartha Chathair Luimnigh
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
- Comhpháirtíocht GDAD
- Ollscoil Luimnigh
- Comhairle Cathrach Luimnigh

* Eagraíocht comhpháirtí neamhbhoird

Spríoc 3

Déanfaidh Luimneach iarracht chun a bheith ina Chathair níos inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil

3.3

Cuspóir

Acmhainní nádúrtha na Cathrach a chaomhnú

Eagraíocht Fhreagrach

Comhairle Cathrach Luimnigh

Amchlár

2012

Gníomhaíochtaí

- Straitéis maidir le caomhnú, caitheamh aimsire agus oideachas a fhorbairt le haghaidh áiteanna a aicmítear mar Shaincheantair Chaomhnaithe (SCC) agus áiteanna a aicmítear mar Shaincheantair Chosanta (SCH) sa chathair.
- Clár eolais faoi tháirgí atá neamhdhíobhálach don chomhshaoil a fhorbairt.
- Cuir clár oideachais agus feasachta faoin gcomhshaoil i bhfeidhm trí churaclam na scoile sa Chathair.
- Clár oideachais a fhorbairt chun daoine áitiúla a mhúineadh faoi na héiceachórais shainiúla agus na háiteanna a mbaineann tábhacht ó thaobh an chomhshaoil leo sa Chathair.

Táscairí

- Tabharfar tuairiscí rialta don Bhord maidir leis seo agus déanfar athbhreithniú rialta orthu.
- Ullmhófar tuarascáil ar dhul chun cinn le Westfields faoi 2006.
- Monatóireacht a dhéanamh ar an gclár feasachta oideachais faoin gcomhshaoil.

Eagraíocht Comhpháirtíochta

- Bord Forbartha Chathair Luimnigh
- An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (Rialtóir)*
- Institiúidí Oideachais*

3.4

Cuspóir

Giniúint dramhaíola a íoslaghdú agus athchúrsáil a uasmhéadú sa Chathair

Eagraíocht Fhreagrach

Comhairle Cathrach Luimnigh

Amchlár

2012

Gníomhaíochtaí

- Cuir na moltaí sa Plean Réigiúnach um Bainistíocht Dramhaíola i bhfeidhm

Táscairí

- Athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn leis an bPlean Bainistíochta Dramhaíola.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar bhaint amach spriocanna athchúrsála gach bliain.

Eagraíocht Comhpháirtíochta

- Cumann Lucht Tráchála
- Fóram Pobail Chathair Luimnigh
- Comhpháirtíocht GDAD
- An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
- Coláiste Mhuire gan Smál*

3.5

Cuspóir

Deimhniú inbhuanaitheachta agus comshaoil de gach réimse beartais a bhaineann leis an gCathair a ghabháil de láimh

Eagraíocht Fhreagrach

Ollscoil Luimnigh

Amchlár

2006

Gníomhaíochtaí

- Sainmhíniú 'táscairí inbhuanaitheachta' don Chathair.

Táscairí

- Déan athbhreithniú ar tháscairí.
- Déan athbhreithniú ar ghníomhú Tionscnamh.

Eagraíocht Comhpháirtíochta

- Comhairle Cathrach Luimnigh
- An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil
- Roinn Fiontair Phoiblí*
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
- Roinn Gnóthaí sóisialaigh agus Teaghlaigh

* Eagraíocht comhpháirtí neamhbhoird

Spríoc 3

Déanfaidh Luimneach iarracht chun a bheith ina Chathair níos inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil

3.6

Cuspóir

Cuir sruthanna neamhthruaillithe ar fáil

Eagraíocht Fhreagrach
Comhairle Cathrach Luimnigh

Amchlár
2012

Gníomhaíochtaí

- Cinntigh go gcloíonn diúscairt isteach i sruthanna ag déanamh monatóireachta ar dhiúscairt isteach i sruthanna agus gníomhaíocht a bhaineann le ceadúnais dhiúscairthe.
- Iarr ar an bhFoireann um Thruailliú i mBéal na Sionna teacht isteach.
- Acmhainní uisce na dtailte fluicha sa Chathair a chur chun cinn agus a chaomhnú.

Táscairí

- Leibhéal níos ísle de thruailliú in uiscebhealaí na Cathrach.

Eagraíocht Comhpháirtíochta

- An Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil*
- Uiscebhealaí Éireann*
- Cumann Lucht Tráchála
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

3.7

Cuspóir

Caighdeán an aeir sa chathair a chothú

Responsible Organisation
Comhairle Cathrach Luimnigh

Amchlár
2012

Gníomhaíochtaí

- Cuir le tomhas an truaillithe san aer agus foilsigh na torthaí a bhaineann le monatóireacht aeir go rialta.
- Déan measúnacht ag am pleanála moltaí forbartha go háirithe forbairtí tionscail le haghaidh iarmharta ar chaighdeán an aer ag am pleanála.
- Ioslaghdaigh an tionchar diúltach ar chaighdeán an aeir a imríonn an fheidhm a bhaintear as roinnt cineál d'fhuinneamh ina bhfuil truailliú i gceist.

Táscairí

- Caighdeán an aeir sa Chathair feabhsaithe.

Eagraíocht Comhpháirtíochta

- Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil*
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

3.8

Cuspóir

Cinntigh go mbíonn patrúin fhorbartha inbhuanaithe ann faoi mar a leagtar amach i bPlean Forbartha Chathair Luimnigh.

Eagraíocht Fhreagrach
Comhairle Cathrach Luimnigh

Amchlár
2009

Gníomhaíochtaí

- Cinntigh go mbíonn talamh le seirbhísí le fáil ar mhaithe le forbairt de réir straitéise tithíochta na Cathrach.
- Spreag trí bheartais rialuithe dearfacha ar phleanáil forbairt agus infheistíocht i Luimneach.
- Spreag rannpháirtíocht pobail i bpleanáil agus i bhforbairt áitiúil trí Phleananna Gníomhaíochta Ceantar.

Táscairí

- Tá roinnt láithreán talún le seirbhísí le fáil sa Chathair ar mhaithe le forbairt.

Eagraíocht Comhpháirtíochta

- Bord Forbartha Chathair Luimnigh

* Eagraíocht comhpháirtí neamhbhoird

Spríoc 4

Cinntiú go mbíonn seirbhísí inrochtana den scoth le fáil sa Chathair

4.1

Cuspóir

Cinntiú go gcuidíonn gach forbairt nua le seirbhísí agus saoráidí inrochtana

Eagraíocht Fhreagrach

Comhairle Cathrach Luimnigh

Amchlár

2012

Gníomhaíochtaí

- Soláthar seirbhísí agus saoráidí pobail i bhforbairtí cónaitheacha mórsála go meánsála.
- Comhacmhainní a chur ar fáil chun bainistíocht agus cothú leanúnach a dhéanamh ar na saoráidí seo.
- Déan bainistíocht ar sheirbhísí pobail.
- Rochtain shábháilte agus áisiúil go dtí agus idir áitrithe a sholáthar.
- Gabh iniúchadh ar inrochtain de lámh de gach foirgneamh

Táscairí

- Rochtain coisithe níos fearr i spásanna poiblí.
- Tabhairt isteach na bprionsabal a bhaineann le 'rochtain uilíoch' go foirgnimh poiblí.
- Tabhairt spás oscailte cuí isteach i ndearadh forbairtí cónaitheacha chun seirbhísí agus saoráidí pobail a chur ar fáil.
- Áit i bPlean Forbartha na Cathrach chun seirbhísí agus saoráidí a chur ar fáil i bhforbairtí tithíochta móra agus meánacha.
- Déan athbhreithniú ar inrochtain sa Chathair ar bhonn bliantúil, ag baint feidhme as an iniúchadh faoi inrochtain mar an táscaire bunúsach.

Eagraíocht Comhpháirtíochta

- Comhpháirtíocht GDAD
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
- Bord Forbartha Chathair Luimnigh

4.2

Cuspóir

Cinntiú go mbíonn caighdeán ard de chonláistí ar an láithreán agus conláistí comharsanachta le fáil i ngach forbairt tithíochta

Eagraíocht Fhreagrach

Comhairle Cathrach Luimnigh

Amchlár

2009

Gníomhaíochtaí

- Treoirínte maidir le dearadh a fhorbairt don Chathair a mbaineann le prionsabail agus na cuspóirí i dtaca le dearadh uirbeach fóna leo.

Táscairí

- Measúnú agus athbhreithniú bliantúil a chur i bhfeidhm na dtreoirínte maidir le dearadh sa Chathair a ghabháil de lámh.
- Treoirínte maidir le dearadh a chur i bhfeidhm trí phróiseas na pleanála.

Eagraíocht Comhpháirtíochta

- Bord Forbartha Chathair Luimnigh

4.3

Cuspóir

Foráil a dhéanamh le haghaidh daoine le míchumas sa phobal

Eagraíocht Fhreagrach

Comhairle Cathrach Luimnigh

Amchlár

2012

Gníomhaíochtaí

- Sainaithin mar nach gcloítear.
- Cuir maoiniú ar fáil le haghaidh oibreacha nuair is féidir agus is cuí.

Táscairí

- Tuarascáil/Iniúchadh Bliantúil
- Tomhais na torthaí iomlána a bhaintear amach.

Eagraíocht Comhpháirtíochta

- Bord Forbartha Chathair Luimnigh

* Eagraíocht comhpháirtí neamhbhoird

Spríoc 4

Cinntiú go mbíonn seirbhísí inrochtana den scoth le fáil sa Chathair

4.4

Cuspóir

Beartas cúraim leanaí a fhorbairt agus a fheidhmiú ag leibhéal áitiúil agus Náisiúnta

Eagraíocht Fhreagrach

Coiste Cúraim Leanaí Chathair Luimnigh

Amchlár

2006

Gníomhaíochtaí

- Bainfear feidhm as taighde agus measúnú ag dul ar aghaidh faoi láthair chun beartas maidir le cúram leanaí a mhúnlú agus a fhorbairt.
- Sainithin tacaíochtaí chun inbhuanaitheacht cúraim leanaí a chinntiú isteach don am le teacht.
- Aighneachtaí faoi bhráid CECDE agus NCCA mar thacú agus forbairt ar oiliúint agus forbairt ar an earnáil a bhaineann le cúram leanaí agus leanúnachas d'oiliúint a chur chun cinn de réir réimse na riachtanas atá acu siúd a oibríonn san earnáil a bhaineann le cúram leanaí i gcathair Luimnigh.

Táscairí

- Leanaí de réir dearcaí ar chúram leanaí i gCathair Luimnigh.
- Staidéar féidearthachta le réimse de sholáthraithe cúraim leanaí.
- Anailís ar riachtanais ó thaobh oiliúna agus comhairliúchán le réimse soláthraithe oideachais agus oiliúna a bhaineann le cúram leanaí.
- Tuairisceoir modúlach a fhorbairt faoi chúram leanaí aois scoile agus aighneacht do FETAC.

Eagraíocht Comhpháirtíochta

- Coláiste Mhuire gan Smál
- Bord Fiontair Chathair Luimnigh
- Ollscoil Luimnigh
- Coláiste Mhuire gan Smál* Coiste Gairmoideachais Chathair Luimnigh
- Comhoibríocht Náisiúnta Dheonach ABD*

4.5

Cuspóir

Cumas na hearnála a bhaineann le cúram leanaí chun seirbhísí cúraim leanaí den scoth, atá saor agus inrochtana a chur ar fáil do gach leanbh i gCathair Luimnigh (0-12 bliain).

Eagraíocht Fhreagrach

Coiste Cúraim Leanaí Chathair Luimnigh

Amchlár

2006-2007

Gníomhaíochtaí

- Obair i gcomhpháirtíocht leis na geallsealbhóirí a bhaineann le hábhar chun tacú le soláthraithe cúraim leanaí chun cúram leanaí ar chaighdeán ard a chur ar fáil.
- Tacú le soláthraithe cúraim leanaí chun rochtain ar oiliúint agus forbairt leanúnach.
- Oiliúint in aghaidh claonta a fhorbairt agus a chur ar fáil mar léiriú ar na riachtanais éagsúla acu siúd a fhaigheann cúram leanaí i gCathair Luimnigh.
- Eolas cuí reatha faoi chúram leanaí a chur ar fáil don earnáil trí fhorbairt láithreán gréasáin, foilseacháin, nuachtlitreacha agus líonrú.

Táscairí

- Iarratas a chur faoi bhráid na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí tríd an gcomhpháirtíocht ar mhaithe le caighdeán (cúram leanaí le riachtanais speisialta agus d'aois scoile).
- Na tionscnaimh anseo thuas a fhorbairt agus a sheachadadh.
- Deis a thabhairt do lucht cúraim leanaí chun rochtain ar dheiseanna oiliúna agus forbartha.
- Ullmhaigh curaclam píolótach comhionannais agus Éagsúlachta don earnáil a bhaineann le cúram sláinte.

Eagraíocht Comhpháirtíochta

- Coláiste Mhuire gan Smál*
- NCNA*
- Barnardos*
- Enable Ireland*
- Soláthraithe Oiliúna agus Oideachais*
- Doras*
- Pavee Point*
- Grúpa Forbartha an Lucht Siúil i Luimneach*
- Comhoibríocht Náisiúnta Dheonach*

* Eagraíocht comhpháirtí neamhbhoird

Spríoc 4

Cinntiú go mbíonn seirbhísí inrochtana den scoth le fáil sa Chathair

4.6

Cuspóir

Rochtain ar sholáthar cúraim leanaí do leanaí le riachtanais speisialta/éagsúla agus leanaí ó chúlra eitneach nó mionlaigh a fheabhsú

Eagraíocht Fhreagrach

Coiste Cúraim Leanaí Chathair Luimnigh

Amchlár

2007

Gníomhaíochtaí

- Sainaithin bearnaí agus déan measúnacht ar an soláthar de chúram leanaí atá ann faoi láthair.
- Obair i gcomhpháirtíocht leis an earnáil a bhaineann le cúram leanaí chun straitéisí cuí a fhorbairt mar fhreagra ar riachtanais maidir leis seo.
- Oiliúint in aghaidh claonta a fhorbairt agus a chur ar fáil mar léiriú ar na riachtanais éagsúla acu siúd a fhaigheann cúram leanaí i gCathair Luimnigh.
- Cinntiú go nochtann seirbhísí cúraim leanaí an éagsúlacht de ghrúpaí eithneacha sa Chathair.

Táscairí

- Oiliúint agus forbairt leanúnach a chur ar fáil.
- Cuir clár comhionannais agus éagsúlachta i bhfeidhm i seirbhísí luathbhlianta.
- Tacú le seirbhísí cúraim leanaí chun gné uilíoch a thabhairt dá gcuid seirbhísí cúraim leanaí.

Eagraíocht Comhpháirtíochta

- Comhoibríocht Náisiúnta Dheonach*
- Grúpa Forbartha an Lucht Siúil i Luimneach*
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
- Enable Ireland*
- Doras Luimni*

* Eagraíocht comhpháirtí neamhbhoid

Spríoc 5

Déanfar cóiríocht do gach cónaitheoir i Luimneach i gcoinníollacha cuí

5.1

Cuspóir

Cuir leis an mhéid de tithíocht shaor agus tithíocht shóisialta atá le fáil

Eagraíocht Fhreagrach
Comhairle Cathrach Luimnigh

Amchlár
2008

Gníomhaíochtaí

- Cuir Plean Gníomhaíochta um Thithíocht Shóisialta agus Tithíocht Shaor 2004-2008 i bhfeidhm.
- Cuir Clár Cóiríochta an Lucht Siúil 2005 - 2008 i bhfeidhm.

Táscairí

- Líon na n-aonad tithíochta curtha ar fáil.
- Líon aistrithe ó fhordeontas cíosa go rannóg Cóiríochta ar Cíos.

Eagraíocht Comhpháirtíochta

- Áisínteachtaí Tithíochta Deonacha*

5.2

Cuspóir

Córas éifeachtach a fhorbairt chun bainistíocht a dhéanamh ar stoc tithíochta na Comhairle

Eagraíocht Fhreagrach
Comhairle Cathrach Luimnigh

Amchlár
2012

Gníomhaíochtaí

- Féachaint le cinntiú go mbíonn caighdeán cuí ann le haghaidh tithíochta ag cur chun cinn deartha atá inbhuanaithe agus éifeachtach ó thaobh fuinnimh.
- Leanúint ar aghaidh chun leibhéal de sheirbhísí do chustaiméirí a fheabhsú agus cinntiú go mbíonn an tseirbhís gairmiúil, á soláthar in am réasúnta agus go mbaineann sí amach an luach is fearr don tionónta agus don Chomhairle Chathrach araon.
- Féachaint le clár níos cuimsithí de chothú pleanáilte a chur i bhfeidhm lena n-áirítear soláthar de theas lárnach agus d'oibreacha comhcheangailte.
- Críoach a chur leis an gclár chun fuinneoga agus doirse nua a chur isteach.
- Leas a bhaint as scéimeanna ranna chun athfhorás eastát tithíochta de chuid na n-údarás áitiúla a chur chun cinn.

Táscairí

- Líon tithe a fuair fuinneoga agus doirse nua.
- Líon na dtithe a ndearnadh measúnacht orthu chun iad a thabhairt isteach sa chlár a bhaineann le cothú pleanáilte.
- Líon na dtithe a fuair teas lárnach.

Eagraíocht Comhpháirtíochta

- Bord Forbartha Chathair Luimnigh

5.3

Cuspóir

Caighdeán beatha cónaitheoirí ar eastáit thithíochta Chathair Luimnigh a fheabhsú

Eagraíocht Fhreagrach
Comhairle Cathrach Luimnigh

Amchlár
2008

Gníomhaíochtaí

- Díriú ar athfhorás d'eastáit thithíochta nach bhfuil an chóiríocht suas go caighdeán iontu agus inár gá a bhfuil timpeall orthu a fheabhsú.
- Dearcadh iláisínteachta ar bhainistíocht eastát a chur chun cinn.
- Féachaint le forbairt agus neartú grúpaí pobail agus bainistíochta eastát a spreagadh.
- Déan athbhreithniú ar an gcáipéis straitéise ^o Managing in Partnership 2000[±] agus leanúint ar aghaidh ag obair le grúpaí pobail agus grúpaí deonacha agus moladh ar bith á chur i bhfeidhm.

Táscairí

- Líon na dtithe a fuair leas as obair leighis/athfhoráis.
- Líon na ngrúpaí a bunaíodh.
- Líon na ndeontas a íoctar in aghaidh na bliana.
- Athbhreithniú le críochnú.

Eagraíocht Comhpháirtíochta

- Bord Forbartha Chathair Luimnigh

* Eagraíocht comhpháirtí neamhbhoird

Spríoc 5

Déanfar cóiríocht do gach cónaitheoir i Luimneach i gcoinníollacha cuí

5.4

Cuspóir

Comhtháthú a chur chun cinn agus deighilt shóisialta a laghdú

Eagraíocht Fhreagrach

Comhairle Cathrach Luimnigh

Amchlár

2008

Gníomhaíochtaí

- Forbairtí de thionacht mheasctha, chun cuimsitheacht shóisialta, i bhforbairtí tithíochta amach anseo.
- Déan iarracht chun aonaid chóiríochta cuí a fháil in áiteanna príobháideacha faoi Aontuithe Cuid V, nuair is cuí.
- Leanúint ar aghaidh leis an gclár d'fháil tithe athlámhe in áiteanna príobháideacha nó in áiteanna de chuid na n-údarás áitiúla ina bhfuil leibhéal ard d'úinéireacht tí i gceist.

Táscairí

- Líon d'fhorbairt tithíochta measctha.
- Líon a fuarthas.

Eagraíocht Comhpháirtíochta

- Bord Forbartha Chathair Luimnigh

5.5

Cuspóir

Tosaíocht a thabhairt d'athfhorbairt agus cothú leanúnach eastát tithíochta agus áiteanna spásanna oscailte

Eagraíocht Fhreagrach

Comhairle Cathrach Luimnigh

Amchlár

2012

Gníomhaíochtaí

- Breis tacaíochta a thabhairt d'eagraíochtaí pobail a fheidhmíonn in áiteanna faoi mhíbhuntáiste.
- Scéimeanna leighis a fhorbairt do thithíocht shuarach.
- Daoine áitiúla a thabhairt isteach sa phróiseas.
- Iniúchadh a dhéanamh ar chláir geilleagair shóisialta mar bhealach chun an cuspóir seo a chur i gcrích.

Táscairí

- Déan athbhreithniú ar mhaoiniú le haghaidh eagraíochtaí pobail a fheidhmíonn in áiteanna faoi mhíbhuntáiste ar bhonn bliantúil.
- Déan athbhreithniú ar chláir geilleagair shóisialta go bliantúil.

Eagraíocht Comhpháirtíochta

- Comhpháirtíocht GDAD
- Bord Forbartha Chathair Luimnigh

* Eagraíocht comhpháirtí neamhbhoird

Spríoc 6

Beidh Luimneach níos sábháilte mar áit cónaí agus áit oibre do chách

6.1

Cuspóir

Leibhéal iomlána de choireacht i Luimneach a laghdú agus cinntiú go laghdaíonn foréigean agus iompar frithshóisialta ar na sráideanna

Eagraíocht Fhreagrach
An Garda Síochána

Amchlár
2012

Gníomhaíochtaí

- Faigh breis acmhainní ón nGarda Síochána chun dul i ngleic le coireacht sa Chathair.
- Cinntigh go gcuirtear dlíthe i ngníomh maidir he hól in áiteanna poiblí, ól fo-aois agus tabhairt alcóil do dhaoine atá ar meisce.
- Cuir le méid CCTV ar fud Chathair Luimnigh.
- Cuir breis Garda Síochána ag siúl agus ag tiomáint ar fáil sa Chathair 24 uair sa lá.
- Straitéis pobail a fhorbairt ar mhaithe le sábháilteacht agus slándáil ina gceantar féin.
- Obair le hOifigeach Tionóntachta Chomhairle Chathrach Luimnigh chun aghaidh a thabhairt ar iompar frithshóisialta.

Táscairí

- Laghdaigh méid na coireachta sa Chathair agus déan athbhreithniú i mí na Nollag 2005.
- Feabhsaigh rátaí freagra nuair a thuariscítear coireacht. Athbhreithniú mí na Nollag 2005.
- Laghdaigh méid na coireachta comhcheangailte le hólachán sa Chathair. Athbhreithniú mí na Nollag 2005.
- Tá Scéimeanna NHW in alt sa chathair. Athbhreithniú mí na Nollag 2005.

Eagraíocht Comhpháirtíochta

- Comhairle Cathrach Luimnigh
- Cumann Lucht Tráchála
- Fóram Pobail Chathair Luimnigh

6.2

Cuspóir

Forbairt dearcadh réamhghníomhach i ndáil le cosc coireachta

Eagraíocht Fhreagrach
An Garda Síochána

Amchlár
2012

Gníomhaíochtaí

- Forbairt straitéis aimsithe, iláisinteachta chun foréigean sa bhaile, agus coireacht comhcheangailte le drugaí agus alcól sa Chathair a laghdú.
- Leanúint ar aghaidh ag cur le tionscnaimh Póilíneachta Pobail sa Chathair.
- Forbairt tograí speisialta de chuid na nGardaí in áiteanna aimsithe tuilleadh.
- Tacú le freagra comhordaithe ar fhadhb na ndrugaí ag déanamh ceangail le grúpaí áitiúla a bhaineann le drugaí.
- Cuirfear Comhairle faoi Chosc Coireachta ar fáil ag an nGarda Síochána ag am pleanála forbairtí nua tionscail agus cónaitheacha.

Táscairí

- Leanúnach agus le hathbhreithniú 2006.
- Oibreoidh an Garda Síochána leis na Grúpaí Réigiúnacha um Straitéisí Drugaí.
- Déanfar athbhreithniú ar áit an Gharda Síochána ag am pleanála forbairtí nua tionscail agus cónaitheacha i 2007.

Eagraíocht Comhpháirtíochta

- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
- Cumann Lucht Tráchála
- Comhpháirtíocht GDAD

* Eagraíocht comhpháirtí neamhbhoid

Spríoc 6

Beidh Luimneach níos sábháilte mar áit cónaí agus áit oibre do chách

6.3

Cuspóir

Dearcadh comhtháite idiráisiúnteachtach a fhorbairt chun dul i ngleic le cúrsaí sábháilteachta agus slándála sa Chathair

Eagraíocht Fhreagrach
An Garda Síochána

Amchlár
2006

Gníomhaíochtaí

a. Forbair, i gcomhar leis an nGarda Síochána agus soláthraithe seirbhísí eile, straitéis chun dul i ngleic le coireacht agus scanradh roimh choireacht sa Chathair.

Táscairí

1. Laghdaigh méid na coireachta sa Chathair. Le hathbheithníú mí na Nollag 2005.

Eagraíocht Comhpháirtíochta

- Comhpháirtíocht GDAD
- Fóram Pobail Chathair Luimnigh
- Cumann Lucht Tráchála

6.4

Cuspóir

Cinntiú go mbíonn d'acmhainneacht ag seirbhísí éigeandála freastal ar riachtanais na Cathrach

Eagraíocht Fhreagrach
Comhairle Cathrach Luimnigh

Amchlár
2012

Gníomhaíochtaí

- a. Déan athbheithníú ar mhórpheananna éigeandála gach bliain.
- b. Rannpháirtíocht i nGrúpa Pleanála Éigeandála Réigiún an Mheániarthair.

Táscairí

1. Athbheithnítear agus nuashonraítear pleananna gach bliain.

Eagraíocht Comhpháirtíochta

- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
- An Garda Síochána

* Eagraíocht comhpháirtí neamhbhoird

Spríoc 7

Beidh Luimneach ina Chathair Fholláin

7.1

Cuspóir

Clár a ullmhú agus a chur i bhfeidhm chun go mbeidh Luimneach in ann a bheith ina Chathair Folláin

Eagraíocht Fhreagrach

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Amchlár

2012

Gníomhaíochtaí

- Obair i dtreo a chuir an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte amach chun Togra Cathracha Folláine a fhorbairt.
- Aontaigh réimsí forbartha a dteastaíonn comhghníomhaíocht idir earnálacha reachtúla, deonacha/pobail agus gnó uathu.
- Ullmhaigh próifíl de shláinte na Cathrach ina mínítear na factóirí a théann i bhfeidhm ar shaoránaigh agus cuairteoirí i Luimneach agus a shainmhíneann fadhbanna, a mholann réimsí chun feabhsú agus a spreagann gníomhaíocht.

Táscairí

- Glacadh le treoirlínte EDS faoi Chathracha Fholláine.
- Measúnacht a ghabháil de láimh ó thráth go chéile ar shláinte an daonra.

Eagraíocht Comhpháirtíochta

- Bord Forbartha Chathair Luimnigh
- Ollscoil Luimnigh

7.2

Cuspóir

Rochtain a chur ar fáil ar sheirbhísí sláinte den scoth i gcosc agus leigheas amháin

Eagraíocht Fhreagrach

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Amchlár

2007

Gníomhaíochtaí

- Cinntiú go mbíonn Luimneach chomh neamhspleách agus is féidir chun réimse iomlán de sheirbhísí leighis cuí a chur ar fáil.
- Forbair seirbhísí ospidéal den scoth atá dírithe ar othair agus bunaithe ar luach.
- Cinntigh go mbíonn cothromaíocht ann idir leibhéil arda de rochtain áitiúil ar sheirbhísí agus go mbíonn seirbhísí clínicíúla den scoth ann chomh maith.

Táscairí

- Laghdú ar amanna feithimh le haghaidh othar agus seirbhísí othar in ospidéal.
- Comharchumann Cleachtadh Ginearálta bunaithe i gCathair Luimnigh.

Eagraíocht Comhpháirtíochta

- Fóram Pobail Chathair Luimnigh
- Ollscoil Luimnigh

Gníomhaíochtaí

- Forbair seirbhís cúraim éigeandála réamh-ospidéal (otharcharr) atá éifeachtach agus críochnúil.

Táscairí Sonracha

- Laghdú ar amanna freagra ar ghlaonna i gCathair Luimnigh.

Gníomhaíochtaí

- Go sainaitnítear mí-oird leighis agus go ndéantar gníomhaíochta dá réir chomh sciobtha agus is féidir.
- Uasmhéadófar stádas sláinte leanaí i Réigiún an Mheániarthair ag sainaitint agus ag laghdú neamhionannais maidir le sláinte leanaí.

Táscairí

- Céatadán na leanaí nua a fheiceann banaltraí sláinte poiblí taobh istigh de 24 uair tar éis dóibh an t-ospidéal a fhágáil.
- Céatadán máithreacha ag tabhairt na cíche nuair a thugann banaltra sláinte poiblí cuairt i dtús agus ag ceithre mhí.
- Céatadán de ghlacadh suas ag gach céim d'fhaire péidiatrac.
- Ráta de ghlacadh le Díonadh Príomhúil/Leanbaíochta

Eagraíocht Comhpháirtíochta

- Fóram Pobail Chathair Luimnigh

* Eagraíocht comhpháirtí neamhbhoird

Spríoc 7

Beidh Luimneach ina Chathair Fholláin

7.2

Gníomhaíochtaí

g. Roghanna de chúram den scoth do sheanáirí sa bhaile agus i gcúram cónaithe.

Táscairí

1. Céatadán na seanóirí os cionn 65 bliain d'aois i gcúram cónaí fadtéarmach.
2. An líon ag feitheamh, agus amanna feithimh le haghaidh cúraim tí, teiripe urlabhra agus teanga, fisiteiripe, teiripe ceirde, trealamh, cúram faoisimh, athshlánúchán agus cúram leanúnach.

Eagraíocht Comhpháirtíochta

- Bord Forbartha Chathair Luimnigh

Gníomhaíochtaí

h. Cuir forbairt Seirbhís Sláinte Meabhrach comhtháite den scoth chun cinn

Táscairí

1. Líon na n-áiteanna cónaithe pobail de réir gach 1,000 den daonra.
2. Líon freastal ar Ionad Lae de réir gach 1,000 den daonra.
3. Líon freastal ar Ospidéal Lae de réir gach 1,000 den daonra.
4. Líon na n-áiteanna inothar de réir gach 1,000 den daonra.
5. Laghdú ar líon na n-othar in Ospidéal Sheosaimh Naofa, Luimneach.

Eagraíocht Comhpháirtíochta

- Fóram Pobail Chathair Luimnigh

7.3

Cuspóir

Sláinte pobal imeallaithe a fheabhsú

Eagraíocht Fhreagrach

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Amchlár

2007

Gníomhaíochtaí

a. Forbairt agus cuir i bhfeidhm straitéis maidir le cuimsitheacht shóisialta a dhíríonn ar riachtanais ó thaobh sláinte ag pobail imeallaithe le béim go mór mór ar an lucht siúil, daoine gan dídean agus iarrthóirí tearmainn.

Táscairí

1. Measúnacht a ghabháil de láimh ó thráth go chéile ar riachtanais ó thaobh sláinte atá ag na grúpaí seo.

Eagraíocht Comhpháirtíochta

- FÁS
- Comhpháirtíocht GDAD
- Comhairle Cathrach Luimnigh
- Fóram Pobail Chathair Luimnigh

* Eagraíocht comhpháirtí neamhbhoird

Spríoc 7

Beidh Luimneach ina Chathair Fholláin

7.4

Cuspóir

Saoráidí agus seirbhísí á fhorbairt do dhaoine a shainithnítear a bheith faoi riosca drugaí a mhí-úsáid

Eagraíocht Fhreagrach

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Amchlár

2008

Gníomhaíochtaí

a. Cuir na táscairí sa Straitéis Náisiúnta um Dhrugaí 2001 - 2008 i bhfeidhm faoi mar a sainithníodh ag Tascfhórsa Drugaí Áitiúil Luimnigh iad.

Táscairí

1. Laghdaigh an mhéid de mhí-úsáid drugaí i gCathair Luimnigh.
2. Déan athbhreithniú ar chur i bhfeidhm na Straitéise Náisiúnta um Dhrugaí ar bhonn bliantúil.

Eagraíocht Comhpháirtíochta

- Bord Forbartha Chathair Luimnigh (Grúpa SIM)

* Eagraíocht comhpháirtí neamhbhoird

Spríoc 8

Oibreoidh na háisínteachtaí ar fad as lámha a chéile chun combhionannas agus cuimsitheacht shóisialta a chur chun cinn agus bochtaineacht a laghdú go mór

8.1

Cuspóir

Bearta a bhaineann le cuimsitheacht shóisialta a chomhordú

Eagraíocht Fhreagrach
Bord Forbartha Chathair Luimnigh

Amchlár
2012

Gníomhaíochtaí

- Ról agus oibríocht Ghrúpa Oibre SIM a leasú.
- Measúnacht a dhéanamh ar mhéid de chomhordú bearta cuimsitheachta sóisialta ag leibhéal áitiúil.
- Iniúchadh faoi bhearta a bhaineann le cuimsitheacht shóisialta a choinneáil agus a fhoilsiú.
- Eolaire bearta agus seirbhísí cuimsitheachta sóisialta a chur le chéile.
- Sainaithearn bearnaí i seachadadh na seirbhísí a bhaineann le cuimsitheacht shóisialta.

Táscairí

- Athbhreithniú a dhéanamh ar chomhordú bearta a bhaineann le cuimsitheacht shóisialta.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar oibríochtaí ghrúpa oibre SIM ar bhonn bliantúil.

Eagraíocht Comhpháirtíochta

- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
- Comhpháirtíocht GDAD
- An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
- Coiste Gairmoideachais Luimnigh
- Fóram Pobail Chathair Luimnigh
- Scéimeanna foghlamtha nua a fhorbairt atá bunaithe ar fhoghlaim fadsaoil, cianoideachas agus foghlaim bunaithe ar an Idirlíon.
- Cur chun cinn agus seachadadh roinnt Clár Dreasa Oiliúna.

Táscairí

- Cuir le líon na glár oiliúna sna comhlachtaí féin atá le fáil i Luimneach.
- Forbrófar dhá scéim foghlamtha nua.
- CDP a chur chun cinn.

Eagraíocht Comhpháirtíochta

- Forbairt Sionainn
- Fiontar Éireann*
- Bord Fiontair Chathair Luimnigh
- Cumann Lucht Tráchála
- Coiste Gairmoideachais Chathair Luimnigh
- Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh

14.6

Cuspóir

Seirbhís chuimsitheach earcaíochta agus comhairle a chur ar fáil d'fhostaitheoirí agus iarrthóirí oibre chun a chinntiú go bhfeidhmíonn margadh an tsaothair chomh héifeachtach agus is féidir

Eagraíocht Fhreagrach
FÁS

Amchlár
2012

Gníomhaíochtaí

- Córais ríomhaireachta, teicneolaíocht faisnéise agus an tIdirlíon a fhorbairt chun seirbhís earcaíochta agus comhairle a chur ar fáil d'fhostaitheoirí agus iarrthóirí oibre.

Táscairí

- Forbrófar eolas agus comhairle faoi TF ar bhonn leanúnach le linn don straitéis a bheith ann. Déanfar athbhreithniú bliantúil ar dhul chun cinn maidir leis na seirbhísí seo.
- An Straitéis Fostaitheoirí Leasaithe a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go mbíonn seirbhís den scoth a bhaineann le hábhar le fáil do gach fostaí.

Eagraíocht Comhpháirtíochta

- Comhpháirtíocht GDAD

* Eagraíocht comhpháirtí neamhbhoid

Spríoc 14

Chomh maith le hearnáil bhríomhar fiontair beidh Luimneach mar an mol fostaíochta, seirbhísí agus miondíolachán sa Dorchla Thiar

14.7

Cuspóir

Monatóireacht a dhéanamh ar an margadh saothair áitiúil

Eagraíocht Fhreagrach FÁS

Amchlár 2012

Gníomhaíochtaí

- Grúpaí a bhaineann leis an margadh saothair áitiúil a bhunú.
- Bailigh sonraí a bhaineann leis an margadh saothair áitiúil agus é a chur ar fáil go rialta. Beidh an t-eolas mar bhunús le planáil chun feidhmiú i margadh an tsaothair chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna a bhaineann le riar agus éileamh sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma.
- Cuirfidh FÁS eolas rialta faoi mhargadh an tsaothair ar fáil de réir mar a chuireann Pleanáil Taighde FÁS i mBaile Átha Cliath ar fáil é.

Táscairí

- Cruineofar sonraí a bhaineann le margadh an tsaothair na cathrach agus tabharfar tuairisc air go rialta.

Eagraíocht Comhpháirtíochta

- Bord Fiontair Chathair Luimnigh
- An Roinn Gnóthaí sóisialaigh agus Teaghlaigh
- Comhthionól Gnó agus Fostaitheoirí na hÉireann*
- Comhthionól Cheardchumann na hÉireann*
- Comhairle na gCeard
- Cumann Lucht Tráchála

14.8

Cuspóir

Oiliúint printíseachtaí a chur chun cinn agus riarachán, monatóireacht agus bainistíocht a dhéanamh uirthi

Eagraíocht Fhreagrach FÁS

Amchlár 2012

Gníomhaíochtaí

- Spreagadh a thabhairt d'fhostaitheoirí, go mór mór i bhfiontair bheaga agus fiontair mheánacha, infheistíocht a dhéanamh don am le teacht trí earcú agus oiliúint printíseach.
- Ag tabhairt treoracha do cheardlanna faoi phrintíseacht i scoileanna ag an dara leibhéal
- Dhá thaispeántas gairmeacha

Táscairí

- Méadú ar líon na bprintíseach nua.
- Méadú ar líon an lucht ceardaíochta atá cáilithe.

Eagraíocht Comhpháirtíochta

- Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh

14.9

Cuspóir

Seirbhís chuimsitheach earcaíochta agus comhairle agus deiseanna oiliúna a chur ar fáil do dhaoine le míchumas

Eagraíocht Fhreagrach FÁS

Amchlár 2012

Gníomhaíochtaí

- Na deontais agus seirbhísí ar fad le haghaidh daoine le míchumas a chur chun cinn do na geallsealbhóirí ar fad a bhaineann le hábhar.
- Spreagadh a thabhairt trí straitéis leasaithe na bhfostaitheoirí d'fhostaitheoirí breithniú a dhéanamh ar dhaoine le míchumas a earcú.
- Cuir an Scéim Tacaíochta Fostaíochta lánaimseartha i bhfeidhm nuair a chuirfear i dtoll a chéile í.

Táscairí

- Méadóidh líon na bhfostaitheoirí ag fostú daoine le míchumas.
- Líon na ndaoine a mbeidh rochtain ar dheiseanna fostaíochta acu.

Eagraíocht Comhpháirtíochta

- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
- An Roinn Gnóthaí sóisialaigh agus Teaghlaigh

* Eagraíocht comhpháirtí neamhbhoird

Spríoc 14

Chomh maith le hearnáil bhríomhar fiontair beidh Luimneach mar an mol fostaíochta, seirbhísí agus miondíolachán sa Dorchla Thiar

14.10

Cuspóir

I gcomhar le háisínreachtaí eile, earcaíocht, comhairliúchán agus oiliúint a chur ar fáil do dhaoine dífhostaithe i gceantair ainmnithe RAPID

Eagraíocht Fhreagrach
FÁS

Amchlár
2012

Gníomhaíochtaí

- Dearcadh aníos a fhorbairt ag dul i gcomhairle le grúpaí pobail chun obair earcaíochta, comhairliúcháin, oiliúna agus fostaíochta a leagan síos de réir na riachtanas atá ag cliant áitiúla.
- Clár RAPID a chur i bhfeidhm trí chomhoibriú dlúth idir na grúpaí pobail áitiúla, FÁS agus soláthraithe seirbhísí eile de chuid an stáit.

Táscairí

- Déan athbhreithniú ar chur i bhfeidhm chlár RAPID ar bhonn bliantúil.

Eagraíocht Comhpháirtíochta

- Comhpháirtíocht GDAD
- An Roinn Gnóthaí Sóisialaigh agus Teaghlaigh
- Coiste Gairmoideachais Chathair Luimnigh

14.11

Cuspóir

An Chathair a neartú agus a éagsúlú mar áit fostaíochta

Eagraíocht Fhreagrach
Forbairt Sionainn

Amchlár
2012

Gníomhaíochtaí

Cinntiú go n-oibríonn na háisínreachtaí ar fad as lámha a chéile chun Cathair Luimnigh a chur in áit mar shuíomh inmharthana tarraingteach do ghnó na "hEacnamaíochta Nua", ag déanamh staidéar earnálacha chun earnálacha nua a mhúnlú do Chathair Luimnigh.

Táscairí

- Cuirfear críoch leis na staidéir faoi shochair earnálacha.
- Bunófar fóram "infheistíochta" chun tacaíocht a fháil agus a threorú don obair seo.
- Tabhair earnáil nua tionscail do Luimneach gach dá bhliain.

Eagraíocht Comhpháirtíochta

- ÚFT
- Bord Fiontair Chathair Luimnigh
- Oifig Chomhordú Lár na Cathrach*
- Comhairle Cathrach Luimnigh
- Bord Forbartha Chathair Luimnigh

14.12

Cuspóir

Fás méadaithe agus inbhuanaithe in earnáil miondíolacháin na Cathrach a spreagadh agus a éascú

Eagraíocht Fhreagrach
Comhairle Cathrach Luimnigh

Amchlár
2009

Gníomhaíochtaí

- Obair le Comhairle Chontae Luimnigh chun an Comhstaidéar ar Mhiondíolachán a chur i bhfeidhm.
- Straitéis seachadta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

Táscairí

- Déan athbhreithniú ar chur i bhfeidhm na Comhstraitéise Miondíolacháin ar bhonn bliantúil.
- Straitéis Seachadta forbartha.

Eagraíocht Comhpháirtíochta

- Cumann Lucht Tráchála
- Bord Fiontair Chathair Luimnigh

* Eagraíocht comhpháirtí neamhbhoid

Spríoc 14

Chomh maith le hearnáil bhríomhar fiontair beidh Luimneach mar an mol fostaíochta, seirbhísí agus miondíolachán sa Dorchla Thiar

14.13

Cuspóir

Cláir phrintíseachta nua a thabhairt isteach mar fhreastal ar riachtanais athraitheacha mhargadh an tsaothair

Eagraíocht Fhreagrach FÁS

Amchlár 2012

Gníomhaíochtaí

a. Cláir nua a chur chun cinn agus breis rannpháirtíochta a spreagadh i measc fostaitheoirí

Táscairí

1. Dhá chlár nua printíseachta tugtha isteach.

Eagraíocht Comhpháirtíochta

- Bord Fiontair Chathair Luimnigh
- Fiontar Éireann
- Cumann Lucht Tráchála
- Forbairt Sionainn

* Eagraíocht comhpháirtí neamhbhoird

Spríoc 15

Beidh Luimneach mar mhol infheistíochta, teicneolaíochta, ilmheán agus deartha an Dorchla Thiar

15.1

Cuspóir

An Chathair a fhorbairt mar ionad le haghaidh gnó bunaithe ar sheirbhísí

Eagraíocht Fhreagrach
Forbairt Sionainn

Amchlár
2012

Gníomhaíochtaí

- Straitéisí Seirbhísí do Luimneach a ullmhú agus a chur i bhfeidhm.
- Líonra na nAmbasadóirí Gnó a fheidhmiú
- Bileoga nua margaíochta agus cáipéisí tacaíochta a ullmhú.
- Bain feidhm as an coincheap Cois Abhann chun an chathair a bhrandáil.
- Ceantair nua le haghaidh gnó bunaithe ar sheirbhísí a shainiú.

Táscairí

- Méadú ar líon na ngnólachtaí bunaithe ar sheirbhísí i Luimneach.
- Méadaigh leibhéal gnó seirbhísí ag tosú.
- Cuir coincheap Cois Abhann chun cinn chun an earnáil seo a éascú.
- Comhaontú bainte amach faoin áit seo.

Eagraíocht Comhpháirtíochta

- Comhairle Cathrach Luimnigh
- Bord Forbartha Chathair Luimnigh
- Oifig Chomhordú Lár na Cathrach*
- ÚFT
- Bord Fiontair Chathair Luimnigh
- Cumann Lucht Tráchála

15.2

Cuspóir

Cinntiú go leanann Luimneach air ag mealladh infheistíochta coigríche nua

Eagraíocht Fhreagrach
ÚFT

Amchlár
2012

Gníomhaíochtaí

- ÚFT chun Bord Forbartha Chathair Luimnigh a choinneáil ar an eolas ó thaobh tograí nua sa Chathair.

Táscairí

- Ullmhóidh ÚFT tuarascáil bhliantúil do Bhord Forbartha Chathair Luimnigh ar thograí sa Chathair.

Eagraíocht Comhpháirtíochta

- Forbairt Sionainn

15.3

Cuspóir

Cuidiú le forbairt eacnamaíochta na hÉireann sonrach a ról chun déantúsaíocht agus seirbhísí trádála coigríche a mhealadh chun infheistíocht a dhéanamh in Éirinn

Eagraíocht Fhreagrach
ÚFT

Amchlár
2012

Gníomhaíochtaí

- Togra nua infheistíochta a ghnóthú d'Éirinn ó chomhlachtaí coigríche.
- Leathnú ar mhéid na bhfo-chomhlachtaí in Éirinn faoi láthair a spreagadh agus tacú leis.

Táscairí

- Gníomhaíochtaí a bhaineann le forbairt bogearraí agus ríomhghnó a mhealladh go Luimneach.
- Méadú ar thograí infheistíochta sa Chathair ó chomhlachtaí thar lear.

Eagraíocht Comhpháirtíochta

- Forbairt Sionainn
- Comhairle Cathrach Luimnigh
- Bord Fiontair Chathair Luimnigh

* Eagraíocht comhpháirtí neamhbhoird

Spríoc 15

Beidh Luimneach mar mhol infheistíochta, teicneolaíochta, ilmheán agus deartha an Dorchla Thiar

15.4

Cuspóir

Leas a bhaint as dorchla eacnamaíoch Luimnigh/Inse/Sionainne

Eagraíocht Fhreagrach
Forbairt Sionainn

Amchlár
2012

Gníomhaíochtaí

a. Coiste a bhunú chun oibriú i dtreo forbartha ar dhorchla eacnamaíoch Luimnigh/Sionainne/Inse.

Táscairí

1. Bunófar an coiste i 2005 agus cuirfidh siad tuarascáil chuí i dtoll a chéile.
2. Gníomhaíochtaí eatramhacha a shainaithint chun seo a thabhairt ar aghaidh.

Eagraíocht Comhpháirtíochta

- Comhairle Cathrach Luimnigh
- Bord Fiontair Chathair Luimnigh
- Bord Forbartha Chathair Luimnigh
- Fóram Forbartha na Cathrach agus an Chontae*

15.5

Cuspóir

Forbairt ar bhonneagar teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide sa réigiún a éascú trí chomhfhiontar Leathanbhanda na Sionainne

Eagraíocht Fhreagrach
Forbairt Sionainn

Amchlár
2006

Gníomhaíochtaí

- a. Leanúint ar aghaidh chun straitéis Leathanbhanda na Sionainne a chur i bhfeidhm maidir le tabhairt isteach an bhonneagair ó thaobh leathanbhanda sa Chathair agus timpeall uirthi.
- b. Leanúint ar aghaidh chun tabhairt isteach bonneagair atá neodrach ó thaobh iompróirí idir Luimneach agus an Líonra Idirnáisiúnta i mBaile Átha Cliath a spreagadh.
- c. Iompróir domhanda a spreagadh chun Pointe Rochtana Idirlín a bhunú sa réigiún.
- d. Tabhairt isteach na dtionscnamh leathanbhanda de chuid an phobail trí thogra Shannon Connect a éascú.

Táscairí

1. Críoch a chur le cur i láthair Pas 1 de Líonra Cheantar Cathrach Luimnigh d'Aonán Seirbhísí Náisiúnta, atá lonnaithe i Luimneach, faoi 2005.
2. Pas 2 de Chuid Thuaidh de Líonra Luimneach a chríochnú faoi mhí na Nollag 2005.

Eagraíocht Comhpháirtíochta

- Comhairle Cathrach Luimnigh
- Comhairle Chontae an Chláir*
- Comhairle Chontae Luimnigh*
- Bord Forbartha Chathair Luimnigh
- Údarás Réigiúnach an Mheániarthair*
- Comhairle Chontae Thiobraid Árann Thuaidh*
- Comhairle Chontae Uíbh Fhailí*

15.6

Cuspóir

A bheith ina ionad aitheanta go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta as dearadh agus forbairt ilmheánach

Eagraíocht Fhreagrach
Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh

Amchlár
2006

Gníomhaíochtaí

a. Staidéar féidearthachta a ullmhú maidir le forbairt ilmheánach sa Chathair.

Táscairí

1. Tuairisc a thabhairt faoi na torthaí faoi dheireadh 2005.

Eagraíocht Comhpháirtíochta

- Forbairt Sionainn
- Ollscoil Luimnigh
- Cumann Lucht Tráchála
- Bord Fiontair Chathair Luimnigh

* Eagraíocht comhpháirtí neamhbhoird

Spríoc 15

Beidh Luimneach mar mhol infheistíochta, teicneolaíochta, ilmheán agus deartha an Dorchla Thiar

15.7

Cuspóir

Forbairt eacnamaíochta a spreagadh trí fhorbairt bonneagair agus saoráidí

Eagraíocht Fhreagrach

Comhairle Cathrach Luimnigh

Amchlár

2009

Gníomhaíochtaí

a. Clár tógála na mbóithre, pleananna dramhaíola, uisce, ríomhbhanda agus trácht a chur i bhfeidhm.

Táscairí

1. Plean Corparáideach Chathair Luimnigh 2004-2009 a chur i bhfeidhm.
2. Athbhreithniú bliantúil ar chur i bhfeidhm an Phlean Chorporáidigh a ghabháil de lámh.

Eagraíocht Comhpháirtíochta

- Forbairt Sionainn

15.8

Cuspóir

Breis forbartha agus cur chun cinn na héagsúlachta agus an chaighdeáin de shaoráidí siopadóireachta agus siamsaíochta/caithimh aimsire sa Chathair a spreagadh

Eagraíocht Fhreagrach

Cumann Lucht Tráchála Luimnigh

Amchlár

2012

Gníomhaíochtaí

- a. Cinntiú go mbíonn scothchleachtas le comhordú agus bainistíocht ar lár na Cathrach.
- b. Cinntiú go mbíonn éagsúlacht agus caighdeán maith de shaoráidí agus seirbhísí Siopadóireachta.
- c. Forbairt réimse saoráidí miondíolacháin, caithimh aimsire agus siamsaíochta a chinntiú do chách i mórcheantar uirbeach Luimnigh.

Táscairí

1. Taighde a dhéanamh faoi scothchleachtas maidir le bainistíocht lár na Cathrach.
2. Cinntiú go gcuirfean an Straitéis um Sheirbhísí na Cathrach i bhfeidhm ag na comhpháirtithe ar fad.
3. Comhordú a dhéanamh ar iniúchadh bliantúil ar sheirbhísí miondíolacháin chun athruithe ar sholáthar seirbhísí miondíolacháin a shainaithint/a mheasúnú.

Eagraíocht Comhpháirtíochta

- Comhairle Cathrach Luimnigh
- Oifig Chomhordú Lár na Cathrach*
- Forbairt Sionainn
- Cumann Gnó Chathair Luimnigh*

* Eagraíocht comhpháirtí neamhbhoird

Spríoc 16

Beidh Luimneach ina Áit thábhachtach ó thaobh Turasóireachta

16.1

Cuspóir

A bheith ina áit aitheanta le haghaidh turasóireachta agus ina bhonn príomhúil chun Éire a thaiscealú

Eagraíocht Fhreagrach Forbairt Sionainn

Amchlár
2012

Gníomhaíochtaí

- Straitéis Turasóireachta Luimneach agus bileoga a athchóiriú chun seo a chur i gcéill.
- Feidhm a bhaint as branda Cois Abhann chun turasóireacht a dhreasú.

Táscairí

- Plean Turasóireachta 2005 críochnaithe faoi mhí na Nollag 2005.
- Bileog chuí turasóireachta a chur le chéile le haghaidh 2005.
- Cuir Cois Abhann ar fáil mar tháirge turasóireachta.
- Athbhreithniú bliantúil ar an Straitéis Turasóireachta.

Eagraíocht Comhpháirtíochta

- Comhairle Cathrach Luimnigh
- Bord Forbartha Chathair Luimnigh
- Meet Limerick Shannon*
- Oifig Chomhordú Lár na Cathrach*
- Cumann Gnó Chathair Luimnigh*
- Cumann Lucht Tráchála

16.2

Cuspóir

Saoráidí eolais thurasóireachta a fheabhsú

Eagraíocht Fhreagrach Forbairt Sionainn

Amchlár
2006

Gníomhaíochtaí

- Déanfar athbhreithniú ar chomharthaí coisithe agus carranna sa Chathair agus feabhsófar iad.
- Déanfar athbhreithniú ar chomharthaí carranna sa Chathair agus feabhsófar iad.
- Déanfar athbhreithniú bliantúil ar sholáthar ionad eolais turasóireachta.
- Sainaitheofar agus molfar "Mol Turasóireachta" le haghaidh na Cathrach.

Táscairí

- Comharthaí feabhsaithe ann faoi 2005. Gabfar iniúchadh bliantúil ar chomharthaí de láimh chun athbhreithniú ar fheabhsuithe le linn don straitéis a bheith ann.
- Scaipfear eolas d'ionaid mhóra miondíolacháin agus áiteanna eile de réir mar is cuí.
- Reáchtálfar cuairteanna turasóireachta gan rabhadh chun a chinntiú go mbitear ag coinneáil caighdeán ó thaobh turasóireachta.
- Ionad don mhol bunaithe.

Eagraíocht Comhpháirtíochta

- Comhairle Cathrach Luimnigh
- Bord Chathair Luimnigh
- Oifig Chomhordú Lár na Cathrach*
- Cumann Gnó Chathair Luimnigh*
- Cumann Lucht Tráchála

16.3

Cuspóir

An Oidhreacht a chur chun cinn agus a fheabhsú i gcónaí

Eagraíocht Fhreagrach Forbairt Sionainn

Amchlár
2008

Gníomhaíochtaí

- Plean do cheantar Oileán an Rí a chur i bhfeidhm ag baint feidhme as muintir na háite chun an Oidhreacht a fhorbairt tuilleadh.
- Comharthaí oidhreacht a dhírionn ar choisithe a fheabhsú chomh maith le brandáil.

Táscairí

- Méadú ar líon na gcuairteoirí ar áiteanna a bhaineann leis an Oidhreacht.
- Feasacht bhrandáilte faoin gceantar mar cheantar turasóireachta.
- Oileán an Rí le bheith mar an príomhthaitneamhacht sa Chathair faoi 2007.

Eagraíocht Comhpháirtíochta

- Comhairle Cathrach Luimnigh
- Bord Forbartha Chathair Luimnigh
- Meet Limerick Shannon*
- Oifig Chomhordú Lár na Cathrach*
- Cumann Gnó Chathair Luimnigh*
- Cumann Lucht Tráchála

* Eagraíocht comhpháirtí neamhbhoid

Sprioc 16

Beidh Luimneach ina Áit thábhachtach ó thaobh Turasóireachta

16.4

Cuspóir

Tacú le hoibríocht Ionad Spóirt agus Comhdhála Meet Limerick Shannon

Eagraíocht Fhreagrach
Forbairt Sionainn

Amchlár
2012

Gníomhaíochtaí

a. Obair le ° Meet Limerick Shannon^{o±} chun gnó comhdhála agus dreasachta a mhealladh go Luimneach.

Táscairí

1. Méadú mór ar ghnó comhdhála agus dreasachta do Luimneach.
2. Méadú ar ghnó ag baint le himeachtaí spóirt.
3. Leibhéil d'infheistíocht i Spóirt agus Comhdháileacha ag ardú.

Eagraíocht Comhpháirtíochta

- Comhairle Cathrach Luimnigh
- Bord Forbartha Chathair Luimnigh
- Meet Limerick Shannon*
- Cumann Gnó Chathair Luimnigh*
- Cumann Lucht Tráchála
- Ionad Traenála agus Oiliúna Náisiúnta*

16.5

Cuspóir

Imeachtaí agus féilte móra a bhaineann le Luimneach a fhorbairt i Luimneach

Eagraíocht Fhreagrach
Forbairt Sionainn

Amchlár
2012

Gníomhaíochtaí

- a. Imeachtaí móra de réir scála a shainithint do Luimneach.
- b. Feidhm a bhaint as na leasa nádúrtha a bhaineann le Luimneach ó thaobh turasóireachta, mar shampla, Rannaíocht Luimnigh agus rugbaí an domhain.
- c. Spreagadh a thabhairt do lucht eagraithe imeachtaí maoiniú a fháil le haghaidh cluichí náisiúnta.
- d. Bileog nua féilte a sheoladh.

Táscairí

1. Taighde a ghabháil de láimh agus sainithint agus teacht i láthair mórimeachta do Luimneach a éascú.
2. Tacú le forbairt spóirt agus leasa nádúrtha comhcheangailte leis.
3. Gníomhaíochtaí maoinithe le haghaidh féilte agus imeachtaí a thabhairt ar aghaidh.

Eagraíocht Comhpháirtíochta

- Bord Forbartha Chathair Luimnigh
- Cumann Lucht Tráchála

16.6

Cuspóir

Straitéis turasóireachta bunaithe ar stair Sheirseach Luimnigh a fhorbairt

Eagraíocht Fhreagrach
Forbairt Sionainn

Amchlár
2012

Gníomhaíochtaí

a. Forbairt ar ghnéithe Seirseacha Luimnigh a thabhairt ar aghaidh mar chuid den Straitéis iomlán ó thaobh Turasóireachta.

Táscairí

1. Cinntiú go mbíonn Forbairt Sheirseach mar chuid den phlean forbartha faoi dheireadh 2005.
2. Gníomhaíochtaí cuí le cur i bhfeidhm faoi 2005 a shainithint.

Eagraíocht Comhpháirtíochta

- Comhairle Cathrach Luimnigh
- Iontaobhas Sibhialta Luimnigh*

* Eagraíocht comhpháirtí neamhbhoid

16.7

Cuspóir

An togra loingseoireachta a fhorbairt mar thaitneamhacht áitiúil agus taitneamhacht cuairteoirí

Eagraíocht Fhreagrach

Comhairle Cathrach Luimnigh

Amchlár

2012

Gníomhaíochtaí

- Cinntiú go n-éiríonn le hoibríocht an togra loingseoireachta.
- Loingseoireacht na Sionainne a chur chun cinn.
- Comhpháirtíochtaí a fhorbairt le gnó áitiúil chun seirbhísí coimhdeacha a chur ar fáil.

Táscairí

- Struchtúr cuí oibríochta a eagrú d'fhorbairt leanúnach an togra.
- Cuir le líon na mbád.
- Brandáil Luimneach mar áit abhann agus bád.

Eagraíocht Comhpháirtíochta

- Forbairt Sionainn
- Uiscebhealaí Éireann*

* Eagraíocht comhpháirtí neamhbhoird

ín



uis

Ag

béim ar an ngá chun Luimneach/nis, siamhain a fhorbairt mar chroílár láidir agus chun gréasáin iompair phoiblí agus amanna turas a fheabhsú. Go mor mór, cuirtear béim ar an laghdú ar líon paisinéirí bus leis an ngá chun moltaí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm le haghaidh gréasáin iompair den scoth i Luimneach.

Gluais

- Straitéis:** Plean fadtéarmach, ina chreatlach bunúsach trínar féidir le heagraíocht a leanúnachas a chur in iúl agus san am céanna bainistíocht dhiongbháilte a dhéanamh ar oiriúint do thimpeallacht ag athrú. Is é an aidhm atá le Straitéis i ndeireadh na dála ná aghaidh a thabhairt ar leasa geallsealbhóirí.
- Cuimsitheacht Shóisialta:** Is téarma é seo a dhéanann cur síos ar imeallú ó fhostaíocht, ioncam, líonraí sóisialta mar theaghlach, comharsanacht agus pobal, cinnteoireacht agus ó chaighdeán fóna beatha.
- Forbairt Spásúil:** Déanann seo tagairt do lonnú gníomhaíochta forbartha, a bhaineann le tionscal, turasóireacht, cónaí, miandíolachán, fóillíocht agus araile agus an nádúr de naisc iompair idir áiteanna.
- Caipiteal Sóisialta:** Tagraíonn seo do mhuintir, gnásanna agus líonraí sóisialta ar féidir le daoine tarraingt astu chun ceisteanna a chéile a réiteach agus an fachtóir a chuireann comhghníomhaíocht ar fáil sa réimeas poiblí agus chun leas na coitiantachta.
- Leathanbhanda:** Téarma ginearálta a dhéanann tagairt do chóras de líonraí cábla snáthoptaice mar mheán chun faisnéis agus sonraí a ghluaiseacht go sciobtha do ghlacadóirí timpeall na hÉireann agus ar fud an domhain.

Sa rannán seo a leanas, cuirtear béim ar an misean agus na hoibleagáidí reachtúla ag gach eagraíocht comhpháirtíochta de réir ordú na haibítire;

An Garda Síochana

Is é Ráiteas Bunchuspóra an Gharda Síochána ná an leibhéal is airde agus is féidir de chosaint phearsanta, rún leis an bpobal agus slándáil stáit a bhaint amach.

Tá aidhm na sé spriocanna straitéiseacha don Gharda Síochána faoi mar a leagtar amach i bPlean Póilíneachta Luimnigh 2005 iad bunaithe ar na ceisteanna tosaíochta a sainithníodh ag an bpobal sa tsuirbhé bliantúil um dhearcadh an phobail. Cé go gclúdaíonn na torthaí neart ábhar éagsúla, is éard a theastaíonn ón bpobal i gcoitinne slándáil, sábháilteacht agus spiorad maith pobail dá gcuid teaghlach agus pobal. Tá na feidhmeanna oibríochta lárnacha ag féachaint le cinntiú go mbíonn caighdeán maith beatha ag gach duine a bhfuil cónaí orthu i Rannóg Luimnigh.

Áirítear leis na príomhchuspóirí maidir leis seo:

- Déileáil le hOrdú Poiblí
- Ag cabhrú agus ag tacú le daoine a d'fhulaing de bharr coireachta
- Ag Obair le Grúpaí Pobail
- Ag Diríú ar Choireacht Eagraithe
- Ag cinntiú go dtugtar freagra láithreach bonn le linn éigeandála
- Ag iniúchadh coireachta
- Sábháilteacht Bóithre

Coiste Gairmoideachais Chathair Luimnigh

Is Comhlacht Oideachais Údaráis Áitiúil é Coiste Gairmoideachais Chathair Luimnigh, a fheidhmíonn de réir na bhforálacha sna hAchtanna um Ghairmoideachas 1930-2001. Cuireann sé réimse leathan de dheiseanna foghlama agus de sheirbhísí thacaíocht oideachais ar fáil do dhaoine de gach aois ina cuid scoileanna/ coláistí agus ionad oideachais. Trína cuid gníomhaíochta comhpháirtíochta nach beag ag leibhéal áitiúil, cinntíonn sé go mbíonn foghlaim ina cuid lárnach den chlár oibre forbartha áitiúil.

Áirítear leis na feidhmeanna atá ag Coiste Gairmoideachais Chathair Luimnigh:

- Plean chun soláthar oideachais agus seirbhísí – scoileanna agus ionaid fhoghlama a bhunaigh nó a chothaíonn an coiste – a chomhordú agus a athbhreithniú,
- Measúnacht a dhéanamh an bhfuil an modh ina bhfeidhmíonn sé slán eacnamaíúil, éifeachtach agus críochnúil.
- Glacadh le plean oideachais agus é a chur isteach,
- Glacadh le plean seirbhíse agus é a chur isteach,
- Nuair is gá dar leis gach iarracht réasúnta a dhéanamh chun dul i gcomhairle maidir le gníomhú a fheidhmeanna.

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

Bhunaigh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta oifig réigiúnach i gCathair Luimnigh i 2004, ag cur cosúlacht áitiúla ar a bunchuspóir arb é foráil a dhéanamh le haghaidh oideachais den scoth, ag cur ar a gcumas do dhaoine a gcuid acmhainneachta a bhaint amach ina hiomláine agus chun páirt a ghlacadh go iomlán mar bhaill den tsochaí agus cur le forbairt shóisialta, chultúrtha agus eacnamaíochta na hÉireann.



A
g
u
i



City of Limerick VEC

n
2





Tá na feidhmeanna agus na seirbhísí seo a leanas ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta:

- Pleanáil agus athbheithniú beartais,
- Ráthú caighdeán na gclár oideachais atá ar fáil,
- Sannadh acmhainní airgeadais d'institiúidí bunoidreachais, iarbunoidreachais agus meánoidreachais,
- Sannadh acmhainní daonna do bhunscoileanna agus iarbunscóileanna,
- Pleanáil agus soláthar bonneagair oideachais,
- Ag maoiniú deontais iompar scoile, deontais mar thacú le mic léinn, liteartacht do dhaoine fásta, oideachas pobail agus cúrsaí PLC.
- Ag cur oideachais agus cúraim ar fáil do chiontóirí óga i gcóiríocht chónaitheach,
- Ag cur tacaíochta ar fáil do Choistí Gairmoideachais,
- Ag cinntiú go mbíonn riar múinteoirí oilte ann,
- Ag déanamh forála ó thaobh forbartha i ngairm do mhúinteoirí,
- Ag maoiniú agus ag forbairt líonra d'ionaid thacaíocht oideachais,
- Ag cur eolais agus comhairle ar fáil do scoileanna, tuismitheoirí, múinteoirí agus mic léinn, agus
- Ag glacadh páirte i agus ag cuidiú le hobair neart grúpaí oibre agus coistí ag Leibhéal áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta.

An Roinn Gnóthaí Sóisialaigh agus Teaghlaigh

Is éard is bunchuspóir don Roinn ná sochaí cúraim a chur chun cinn ag cinntiú go mbíonn rochtain ar fhordeontais ioncaim agus ar sheirbhísí comhcheangailte, ag cur ar chumas daoine rannpháirtíocht ghníomhach a dhéanamh, ag cur cuimsitheachta sóisialta chun cinn agus ag tacú le teaghlaigh.

Is iad príomhfheidhmeanna na Roinne ná:

- Beartais chuí maidir le cosaint shóisialta a chur in eagar,
- Riarachán agus bainistíocht a dhéanamh ar sheachdadh scéimeanna agus seirbhísí teaghlaigh, idir reachtúil agus neamhreachtúil,
- A bheith ag obair le Ranna agus Áisínteachtaí eile chun tosaíochtaí an Rialtais a sheachdadh.

San am a caitheadh, d'áireofaí le gnó na Roinne soláthar de réimse leathan tacaíochta ioncaim, déanta suas d'íocaíochtaí bunaithe ar árachas, íocaíochtaí cúnaimh shóisialta, sochair thánaisteacha comhcheangailte leo agus Sochair Linbh. San fhiche bliain a chuaigh thart tá ról na Roinne leathnaithe go dtí áiteanna eile lena n-áirítear tacaíocht do dhaoine a fhillteann ar ais ag obair agus gníomhaíochtaí in aghaidh na bochtaineachta. Níos gaire ó shin, tugadh freagracht as tacaíocht teaghlaigh don Roinn. Ach is é an obair a bhaineann le fordeontais ioncaim an ghné is mó de ghnó na Roinne i gcónaí. Áirítear le háisínteachtaí reachtúla a fheidhmíonn faoi choimirce na Roinne an Áisínteacht in Aghaidh na Bochtaineachta, an Bord Pinsean, Comhairle agus an Áisínteacht um Thacaíocht Teaghlaigh.

FÁS

Féachann FÁS le "acmhainn fostaíochta, scileanna agus so-aistritheacht iarrthóirí poist agus fostaithe a mhéadú de réir riachtanais mhargadh an tsaothair, ag cur cumas iomaíochta agus cuimsitheachta sóisialta chun cinn dá réir".

Is iad seo a leanas na príomhfheidhmeanna ag FÁS, mar a leagtar amach san Acht um Áiseanna Saothair 1987;

- Oiliúint agus athoiliúint,
- Printíseachtaí ainmnithe,
- Seirbhís earcaíochta,
- Cláir fhostaíochta,
- Seirbhís socrúcháin agus treoraithe,
- Cúnamh le haghaidh grúpaí pobail
- Comhairle do dhaoine ag filleadh go hÉirinn agus dóibh siúd a iarrann fostaíocht in áiteanna eile de chuid an AE.
- Comhairliúchán agus seirbhísí comhcheangailte le hacmhainní daonna, ar bhonn tráchtála, taobh amuigh den Stát

Áirítear le feidhmeanna reachtúla na heagraíochta chomh maith bailiú agus foilsiú faisnéise a bhaineann le margadh an tsaothair agus cur ar fáil faisnéise agus tuairiscí don Aire ar cheisteanna taobh istigh de shainordú FÁS.

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Bunaíodh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) in Eanáir 2005 agus ghlac sí freagracht oibríochta iomlán as reachtáil sheirbhísí na sláinte in Éirinn. Tá iarBhord Sláinte an Mheániarthair, a thug Cathair Luimnigh isteach mar chuid dá cheantar feidhme, ina chuid de FSS anois. Feidhmíonn FSS de réir reachtaíochta, beartas rialtais agus straitéisí éagsúla. Agus seirbhísí á gcur ar fáil aice, tá geallta ag FSS an comhionannas, an caighdeán de sheirbhísí is fearr, dearcadh pearsanta agus luach airgid a thabhairt.

Is iad feidhmeanna lárnach FSS ná:

- Cúram Príomhúil, Pobail agus Leanúnach
- Oifig Náisiúnta na nOspidéal, agus Sláinte Daonra.

ÚFT Éireann

Is áisínteacht Rialtais é ÚFT Éireann a bhfuil freagracht náisiúnta aige chun infheistíocht nua ó thíortha thar lear i ndéantúsaíocht agus seirbhísí idirnáisiúnta a mhealladh agus as spreagadh fiontar coigríche atá lonnaithe in Éirinn a gcuid gnó a leathnú. Feidhmíonn ÚFT Éireann ó cheann ceann na tíre agus tá oifig réigiúnach an Mheániarthair atá lonnaithe i Sráid Anraí, freagrach as Contae Luimnigh, Contae an Chláir, Contae Thiobraid Árann Thuaidh, agus Ciarraí Thuaidh chomh maith le Cathair Luimnigh.

Tá an straitéis atá ag ÚFT faoi láthair bunaithe ar bheartas chun infheisteoirí a mhealladh a dteastaíonn áiteanna uaithe le haghaidh déantúsaíochta nó gníomhaíochtaí oifige a bhraitheann ar phróisis ina bhfuil neart scileanna i



a

g

n

i

s



Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Health Service Executive

n

3





gceist nó a bhaineann le gníomhaíochta ina bhfuil mór i gceist. Tá an straitéis atá ag ÚFT faoi láthair bunaithe ar na cuspóirí seo a leanas:

- Leanúint air chun Infheistíocht Choigríche chuí agus ar chaighdeán ard atá bunaithe ar fhaisnéis agus scileanna a mhealladh go hÉirinn. Éire a chur chun tosaigh i ngeilleagar na cruinne i nideoga sonracha,
- Cothromaíocht réigiúnach níos fearr ó thaobh infheistíochta ar fud na hÉireann a bhaint amach. Réigiúin seachas ceantair áitiúla a bhogadh chun dul in iomaíocht go gníomhach le réigiúin go hidirnáisiúnta,
- Braislí foirfeachta a fhorbairt ina bhfeidhmíonn réimse cuideachtaí agus ionad T&F chun meon nuálaíochta agus fiontraíochta a chruthú.
- Oibriú le hinfheisteoirí atá ann faoi láthair chun bogadh suas an slabhra luacha agus feidhm a bhaint as na scileanna ag fórsa saothair na hÉireann agus é ag dul i méid i gcónaí. Cuideachtaí a spreagadh chun bogadh i dtreo próiseas níos fearr ó thaobh na teicneolaíochta le béim níos mó ar T&F
- Feabhsuithe ar bhonneagar agus ar scileanna a thabhairt i gcrích.

Cumann Lucht Tráchtála Luimnigh

Is iad na feidhmeanna lárnach ag Cumann Lucht Tráchtála Luimnigh ná stocaireacht, ionadaíocht, seirbhísí fhaisnéis gnó agus deiseanna líonraithe;

- Cothaíonn sé agus leathnaíonn sé comhpháirtíochtaí agus comhghuaillíochtaí le húdaráis áitiúla, áisínreachtaí forbartha agus eagraíochtaí gnó eile ag cinntiú le teann comhpháirtíochta go leasaítear saol cáich trí chur chun cinn forbartha sóisialta agus cultúrtha atá cothrom agus inbhuanaithe.
- Struchtúir atá ann cheana féin a chur chun cinn agus tacú leo.
- Timpeallacht ó thaobh gnó atá dinimiciúil, forásach agus nuálach a chur chun cinn.
- Freagracht shóisialta a chur chun cinn ag leibhéal corparáideach agus sibhialta.

Coiste Cúraim Leanáí Chathair Luimnigh

Mar chuid de chlár náisiúnta, bunaíodh Coiste Cúraim Leanáí Chathair Luimnigh chun riarachán a dhéanamh ar Fho-Bheart 3 (Clár Fheabhsú Caighdeáin) de Chlár Cúraim Leanáí Comhdheiseanna (CCLC) 2000-2006.

Is é aidhm an choiste ná:

- Straitéis chomhordaithe chun cúram leanáí a sholáthar ina cheantar féin a fhorbairt.
- Monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na straitéise.
- Tacú le líonraí áitiúla de sholáthraithe cúraim leanáí agus iad a fhorbairt.
- Na sonraí bunúsacha sa Daonáireamh Náisiúnta um Chúram Leanáí a nuashonrú agus a fhorbairt.
- Straitéis faisnéise maidir le soláthar de chúram leanáí sa chontae a fhorbairt.
- Naisc éifeachtacha leis na struchtúir chuí de chuid an chontae a bhunú agus a chothú. Boird Fhorbartha Cathracha/ Contaetha; Boird Fhorbartha Áitiúla; Boird Shláinte agus araile.

De bharr chinneadh Rialtais i 2003 tháinig na Coistí Cúraim Leanáí go bheith ina ngrúpaí oibre de chuid na mBord Forbartha Cathracha/Contaetha.

Fóram Pobail Chathair Luimnigh

Cuireadh Fóram Pobail Chathair Luimnigh le chéile i 1999 mar chuid den Stiúrtóireacht Pobail agus Fiontair ar Chomhairle Chathrach Luimnigh, agus bunaíodh de réir 'Better Local Government – A Programme for Change (1996), a scríobhadh chun an córas rialtais áitiúil in Éirinn a leasú. Is é príomhfheidhm an Fhórait ná feidhmiú mar an comhlacht ionadaíochta thar ceann na hEarnála Pobail agus Deonáí i struchtúir de chuid na comhairle áitiúla. Chomh maith leis seo, tá réimsí oibre forbartha ag Fóram an Phobail maidir le himeachtaí pobail agus obair tacaíochta.

Tá trí ionadaithe ag Fóram Pobail Chathair Luimnigh ar Bhord Forbartha Chathair Luimnigh, chomh maith le hainmiúchán ar cheann de Choistí Beartais Straitéisí ag Comhairle Chathrach Luimnigh. Maoinítear Fóram an Phobail ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus déantar riarachán air ag Bord Forbartha Chathair Luimnigh.

Tá an Fóram déanta suas de naoi mBraisle téamacha lena n-áirítear na hEalaíona, Cultúr agus Oidhreachta, Míchumas, Oideachas agus Oiliúint, Comhshaoil agus Cumainn Chónaitheoirí, Tacaíocht Teaghlaigh, Sláinte agus Sochar, Cuimsitheacht Shóisialta, Spórt agus Fóillíocht chomh maith leis an Óige. Tá Coiste Fhóram an Phobail déanta suas de beirt ionadaithe ó gach ceann de na braislí.

Comhairle Cathrach Luimnigh

Ritheann an tAcht Rialtais Áitiúil 2001 reachtaíocht maidir le rialtas áitiúil in Éirinn, ag leagan amach a struchtúir, oibríúcháin agus feidhmeanna, ag comhdhlúthú a lán den reachtaíocht a bhaineann le rialtas áitiúil agus ag cur creatlaigh ar fáil le haghaidh an chórais a bhaineann le rialtas áitiúil. Chomh maith le hAcht 2001, tá rian ar oibríocht na n-údarás áitiúla ag réimse reachtaíochta eile ag déileáil le seirbhísí sonracha.

Áirítear leis na príomhsheirbhísí agus na príomhfheidhmeanna ag Comhairle Chathrach Luimnigh:

- **Beartas Tithíochta agus Beartas Sóisialta** – Ag cur tithíochta agus na tacaíochta atá comhcheangailte léi ar fáil dóibh siúd nach bhfuil in ann tithíocht a chur ar fáil dóibh féin;
- **Bóithre agus Bonneagar** – Ag soláthar agus cothú ár mbóithre, bonneagair lena n-áirítear droichid agus soilsíú poiblí. Ag baint feidhme níos críochnúla as líonra na mbóithre atá ann faoi láthair as rialú tráchta agus páirceála agus breis tosaíochta ar iompar poiblí;
- **Uisce agus Múnlach** – Ag soláthar agus ag cothú ár seirbhísí uisce, draenála agus bainistíochta dramhaíola;
- **Pleanáil agus Forbairt** – Glacadh le pleananna forbartha cuí, cinnte faoi iarratais phleanála, pleananna agus oibreacha athfhoráis uirbeacha agus do shráidbhailte, cosaint oidhreachta, bonneagar agus tacaíocht tionscail agus turasóireachta;
- **Cosaint an Chomhshaoil** – Timpeallacht nádúrtha na cathrach a chosaint, a leasú agus a chaomhnú, bailiú agus diúscairt dramhaíola, pleanáil faoi bhainistíocht dramhaíola, cosc bruscair, smachtú dóiteáin agus cosc dóiteáin.
- **Caitheamh Aimsire agus Conláiste** – Feidhmiú agus cothú conláistí mar leabharlanna, gailearaithe, páirceanna, spásanna oscailte, goirt imeartha, ionaid phobal, cúrsaí galf dhá mhaide; agus
- **Seirbhísí Measctha** – Ag déanamh ainmiúchán le haghaidh na gCoistí Gairmoideachais, Bord an Chalafóirt, deontais Ardoideachais, ag cothú Chlár





Bord Fiontair Chathair Luimnigh

Is é an phríomhaidhm atá ag Bord Fiontair Chathair Luimnigh ná fiontar a chur chun cinn agus cuidiú le fás agus forbairt micrea-fhiontar i gCathair Luimnigh.

Is é fócas straitéiseach atá ag an mBord agus is é an tasc is mó atá os a choinne leas a bhaint as deiseanna fostaíochta i gCathair Luimnigh trí na cuspóirí seo a leanas:

- Feasacht áitiúil a chruthú maidir le fiontar agus meon fiontair a fhorbairt,
- Giniúint post a chur chun cinn ag forbairt acmhainneachta dúchais agus ag gríosú gníomhaíochta eacnamaíochta, go príomha trí sholáthar tacaíochta airgeadais agus comhairle d'fhiontair bheaga inmharthana,
- An Bord a bhunú mar an t-aon pointe comhthadhaill amháin d'fhiontraíthe agus córas tagartha a bhunú idir an Bord agus na háisínreachtaí stáit ar fad a bhfuil baint acu le cruthú fiontair sa Chathair,
- Dul i bhfeidhm ar shannadh acmhainní d'fhiontair bheaga ón Aontas Eorpach agus ó fhoinsí príobháideacha agus poiblí agus cuidiú le hiarrachtaí pobal ag athfhócasú na n-acmhainní atá le fáil.
- An tábhacht a bhaineann le gnéithe áitiúil maidir le fiontar agus cruthú fostaíochta a aithint chomh maith leis an tábhacht a bhaineann le cumas pobal áitiúla a fhorbairt mar chuidiú chun dul i ngleic le dífhostaíocht agus forbairt áitiúil a leanúint,
- Oiliúint agus forbairt an Bhoird a éascú, ag leibhéal feidhmiúcháin agus oibriúcháin, chun a chinntiú go mbaintear amach na caighdeáin is airde agus go gcothófar iad ag freastal ar riachtanais cliant agus forbairt iomlán ar mheon fiontair, agus
- Cuidiú agus comhairle a thabhairt faoi Bheartas Náisiúnta maidir le cruthú agus tacaíocht fiontair.

Comhpháirtíocht Spóirt Áitiúil Chathair Luimnigh

Tá de dhualgas ar Chomhpháirtíocht Spóirt Áitiúil Chathair Luimnigh a chothú agus rannpháirtíocht i ngníomhaíocht spóirt agus fhisiceach sa Chathair a chothú agus a mhéadú, mar chuid de chlár pólótach 'Comhpháirtíochta Spóirt Áitiúla' ag CSÉ. Is é an phríomhaidhm leis an gComhpháirtíocht Spóirt Áitiúil ná rannpháirtíocht i spórt a mhéadú agus a chinntiú go mbaintear an fheidhm is fearr as acmhainní áitiúla.

Is iad na torthaí a iarrann an Chomhairle Náisiúnta Spóirt ó Chomhpháirtíochtaí Spóirt Áitiúla ná:

- Pleanáil leasaithe de spórt ag leibhéal áitiúil
- Leibhéal ardaithe de rannpháirtíocht áitiúil, go mór mór i measc spriocghrúpaí sonracha - seanóirí, cailíní agus mná, daoine le míchumas, daoine dífhostaithe agus iad siúd a bhfuil cónaí orthu i bpobail a shainnithnítear a bheith faoi mhíbhuntáiste.
- Breis feidhme á baint as traenáilaithe áitiúla
- Forbairt cumann
- Oiliúint do shaorálaithe
- Eolairí áitiúla de chomhlachtaí agus saoráidí spóirt
- Feidhm níos fearr as na saoráidí atá ann faoi láthair
- Tosaíochta follasacha maidir le soláthar agus feabhsú saoráidí áitiúla
- Naisc idir scoileanna
- Imeachtaí spóirt áitiúla.

Comhairle Cheardchumann Luimnigh

Is cumann é Comhairle Cheardchumann Luimnigh de na Ceardchumainn ar fad atá ina mbaill de Chomhdháil na gCeardchumann. Feidhmíonn sí trí Chomhairle Feidhmiúcháin agus casann leis an mBallraíocht sé bhabhta in aghaidh na bliana. Cuireann sé na beartais ag Comhdháil na gCeardchumann i gcrích ag leibhéal áitiúil ar Choistí Beartas Speisialta agus ar na Boird Fhorbartha Cathracha agus Contaetha, Coistí Gairmoideachais agus Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh agus Comhpháirtíocht GDAD.

Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh

Is éard is bunchuspóir d'Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh ná mic léinn a ullmhú le haghaidh gairmeacha atá bisiúil agus dúshlánach.

Cuireann an Institiúid cúrsaí den scoth ar fáil ag leibhéal Ardteastais, Céime, Céime Onóraí agus IarChéime ar fáil i réimse leathan de dhisciplíní mar seo a leanas,

- Ealaín agus dearadh
- Staidéar gnó agus éigse (lena n-áirítear flaitiúlacht)
- Ríomhaireacht
- Innealtóireacht leictreonach
- Innealtóireacht mheicniúil
- Maoin & tógáil, agus
- Eolaíocht.

Chomh maith leis seo, cuireann an Institiúid cúrsaí nideoga ar fáil mar fhreastal ar riachtanais fostóirí áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta.

Comhpháirtíocht GDAD

Bunaithe i 1989, is é Gníomhaíocht Daoine in Aghaidh Dífhostaíochta (GDAD) an Chuideachta Comhpháirtíochta Áitiúla atá bunaithe i gCathair Luimnigh. Is éard is bunchuspóir dó "cuimsitheacht shóisialta agus eacnamaíochta i gCathair Luimnigh a leasú ag baint athraithe inbhuanaithe amach ag obair le chéile i gcomhpháirtíocht chomhionann le daoine, pobail, soláthraithe seirbhísí, idir reachtúil agus neamhreachtúil, na comhpháirtithe sóisialta agus lucht déanta beartais."

Feidhmíonn an Chomhpháirtíocht trí mheascán de sheachadadh seirbhísí, idirghabháil agus forbairt beartais agus cuireann sí réimse clár i bhfeidhm maidir le:


- Forbairt Eacnamaíochta agus Fiontair
- Forbairt Fostaíochta
- Tacaíocht Teaghlaigh
- Oideachas/Oiliúint
- Forbairt Pobail
- Taighde agus Measúnacht
- Fordheontais Ioncaim
- Comhionannas.

Maoinítear an Chomhpháirtíocht ag Rialtas na hÉireann agus ag an Aontas Eorpach.



Limerick Institute of Technology
Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh

g
u
n
i
s

PAUL
PARTNERSHIP
LIMERICK

Turning the tide of unemployment
Ag tiontú taoide na dífhostaíochta
PÁIRTÍOCHT
PAUL
LUIMNEACH

2

Forbairt Sionainn

Is é an sainordú atá ag Forbairt Sionainn ná tionscal, turasóireacht agus forbairt réigiúnach a ghiniúint i Réigiún na Sionainne.

Áirítear lena príomhghníomhaíochtaí:

- Ag forbairt agus ag neartú tionscail dhúchais áitiúil i réigiún na Sionainne agus ag cur le meon a oireann do ré na faisnéise trí thacaíocht aimsithe ar fhiontar,
- Ag forbairt agus ag déanamh bainistíochta i gcónaí ar Shaor-Cheantar na Sionainne mar áit den scoth le haghaidh infheistíochta idirnáisiúnta i ndéantúsaíocht agus seirbhísí trádála idirnáisiúnta,
- Ag cur le Líonra Faisnéise Fhorbairt na Sionainne, líonra d'áiteanna gnólachtaí teicneolaíochta den scoth le naisc dhíreacha le hinstiúidí oideachais ag an tríú leibhéal,
- Ag forbairt clár nua turasóireachta agus táirgí nua turasóireachta i Réigiún na Sionainne, i gcomhar le tionscal, mar fhreagra réamhghníomhach ar an iliomad dúshlán os coinne na turasóireachta in Éirinn,
- Ag déanamh bainistíochta ar tháirgí turasóireachta tráchtála,
- Ag treorú agus ag spreagadh forbartha réigiúnaí ag leibhéal uirbeach agus leibhéal tuaithe chun a chinntiú go mbíonn cuimsitheacht eacnamaíochta agus forbairt spásúil chothrom ann.

Ollscoil Luimnigh

Is éard is bunchuspóir d'Ollscoil Luimnigh ná léann agus foghlam a bhaineann le riachtanais na hÉireann a chur chun cinn agus ar aghaidh trí mhúineadh, taighde agus léann i dtimpeallacht a spreagann nuálaíocht agus a chothaíonn na prionsabail a bhaineann le fiosrú agus cur i bhfocail saor.

Is é an Fhís an bunchuspóir a chomhlíonadh in Ollscoil ina mbíonn na rudaí seo a leanas:

- Ag tairiscint do mhic léinn, foireann agus comhaltaí timpeallacht acadúil agus oibre a spreagann an fás intleachtach is fearr agus forbairt phearsanta agus ina bhfaightear na prionsabail a bhaineann le Cothrom na Féinne, comhionannas agus iomláine;
- Atá cáiliúil as caighdeán ard agus iomláine an teagaisc, foghlamtha, taighde agus léinn i réimse leathan de dhisciplíní acadúla;
- Atá in ann dul in iomaíocht leis na hinstiúidí acadúla is fearr ar domhan i roinnt réimsí sonracha de thaighde;
- Ina bhfaightear céimithe atá thar a bheith cumasach ina n-ábha(i)r féin agus atá ina saoránaigh dhéanta, chruthaitheacha agus eiticiúla.
- Atá ar thús cadhnaíochta san iarracht chun rochtain ar ardoideachas a chur ar fáil do ghrúpaí le míchumas agus grúpaí eile nach bhfuil dóthain ionadaíochta á déanamh thar a gceann;
- A chuidíonn go mór le leas eacnamaíochta, sóisialta agus cultúrtha Luimnigh, Réigiún na Sionainne agus tír na hÉireann;
- Atá faoi leith ó Ollscoileanna eile de chuid na hÉireann trí bhéim ar fhoghlaim trí thaithí mar a fheictear in oideachas comharchumainn agus in idirghníomhú dlúth cabhrach le tionscal maidir le teagasc agus taighde araon.
- A chloíonn le beartas d'fheabhas leanúnach ina cuid gníomhaíochtaí agus próiseas ar fad;
- A chuireann saoráidí fisiceacha den scoth ar fáil le haghaidh gníomhaíochtaí acadúla, cultúrtha agus caithimh aimsire.



straitéis le
haghaidh
forbartha
eacnamaíochta,
sóisialta agus
cultúrtha

